EirGrid.ie

Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh

# Straitéis don Chiste Sochair Pobail

Eanáir 2026







Tagann an doiciméad seo de thoradh straitéis chorparáideach EirGrid 2020 – 2025. Is straitéis í a seoladh thiar i mí Mheán Fómhair 2019, agus cuireadh cur chuige úr chun feidhme léi i leith rannpháirteachas le páirtithe leasmhara mar phríomhcholún den chaoi a gcomhlíonann EirGrid an dualgas atá air mar oibreoir na heangaí náisiúnta. Bhí páirt lárnach ag an straitéis chorparáideach athnuaite seo sa chaoi ina ndearnamar athruithe ar an rannpháirteachas lenár bpáirtithe leasmhara in imeacht na mblianta ina dhiaidh sin. Is bunriachtanas do EirGrid é rannpháirtíocht atá bríoch éifeachtach chun go mbainfimid ár gcumas amach - an córas cumhachta a athrú ó bhonn do na glúnta atá le teacht.

Lenár gCiste Sochair Pobail aithnítear an tábhacht a bhaineann le pobail áitiúla a thacaíonn lenár n-obair. Tá scéim sochair pobail cruthaithe i gcomhréir le scála an tionscadail, agus tá fóram pobail curtha ar bun againn faoi thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh chun a áirithiú go mbeidh an scéim deartha don phobal áitiúil ag an bpobal áitiúil féin.

Is eiseamláir atá sa straitéis seo don chiste sochair pobail den chaoi a n-oibrímid i dteannta a chéile le saineolaithe seachtracha agus lenár bpáirtithe leasmhara sa tionscadal chun comhoibriú le comhpháirtithe agus pobail arb iadsan a bheidh in ann fuinneamh níos glaine a fhíorú san am atá amach romhainn.
Tá an straitéis seo ullmhaithe ag SECAD Partnership CLG i gcomhar le EirGrid, le pobail Fóram Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh agus le pobail níos leithne thionscadal Chonnacht Thuaidh.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le SECAD agus leis na pobail áitiúla as a gcuid oibre agus ionchuir go dtí seo.
Leis an gciste seo, cuirfear deis ar fáil do phobail a limistéar a athrú ó bhonn agus oidhreacht dhearfach a fhágáil ag an gceantar ina bhfuil bonneagar Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh suite.

Táimid ag súil le comhoibriú agus rannpháirtíocht bhreise lenár bpáirtithe leasmhara uile agus an tionscadal seo ag dul ar aghaidh.

SECAD Partnership CLG
www.secad.ie



# Clár Ábhar


## Réamhrá 6

Eolas faoi EirGrid 7
Eolas faoi SECAD Partnership CLG 7
Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh 8
Straitéis EirGrid um Rannpháirteachas leis an bPobal 9
Beartas an Chiste Sochair Pobail de chuid EirGrid 9

## Ciste Sochair Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh 10

## Comhthéacs an Bheartais 11

Príomhthreochtaí Beartais 12

## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 14

## Próifíl Cheantair 16

Déimeagrafaic 18
Teagmhas an Mhíbhuntáiste 20
Gníomhaíocht Eacnamaíoch agus Bonneagar 21
Ainmníochtaí Comhshaoil 22
Gníomhú ar son na hAeráide 23

## An Chaoi ar Fhorbraíomar an Straitéis seo 24

Cur chuige agus Modheolaíocht 24
Forbhreathnú ar an bPróiseas Comhairliúcháin 24
Príomhpháirtithe Leasmhara 25
Fóram Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh 26
Suirbhé Comhairliúcháin Pobail Ar Líne 26
Comhairliúcháin leis an nGníomhaireacht Páirtithe Leasmhara Áitiúil 27
Anailís ar Éilimh agus Athbhreithniú Sonraí 27

## Pobal Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh Straitéis don Chiste Sochar 28

Prionsabail Straitéiseacha Uileghabhálacha 28
An Ceantar Sochair 28
Tosaíochtaí Ciste 29
Sruth Pobail 30
Sruth Inbhuanaitheachta 0
Sruth Bithéagsúlachta 31
Méid & Luach Deontas 31
Tionscadail Infheistíochta ar Mhórscála 31
Scáth-thionscadail 32
Cineálacha Tacaíochta Maoiniúcháin 32
Infheistíocht Chaipitil 32
Trealamh a Cheannach 33
Saineolas & Tacaíocht Theicniúil agus Ghairmiúil 33
Costais Beochana / Forbartha / Comhordaithe Pobail 33
Oiliúint & Fothú Acmhainneachta 33
Taighde agus Forbairt 33
Infheistíocht Chomhoibríoch agus Tacaíochtaí Maoiniúcháin Eile 33
Tacaíocht d'Fhiontair Shóisialta 34
Cur Chuige Cothromaithe a Bhaint Amach 34
Tacú le Cur Chuige atá Cóir agus Cothromaithe ó thaobh na Tíreolaíochta de 34
Spreagadh agus Tacaíocht a Thabhairt don Infheistíocht Chothromaithe ar fud Shruthanna an Chiste 35
Ceadú i bPrionsabal 35

## Cén chaoi a bhFeidhmeoidh an Ciste? 36

Oscailt Cistí 36
Meastóireacht agus Dámhachtain Cistí 36
Bainistiú Ciste 36

## Fanacht Nasctha 37

Aguisín 1 – Doiciméadacht Tagartha a Chuir Leis 38
Aguisín 2 – Eagraíochtaí agus Grúpaí Rannpháirteacha 39
Aguisín 3 – Anailís LLDB ar an gCeantar 40
Aguisín 4 - Cistí agus Cláir Ábhartha Eile 44


CÓIPCHEART © EirGrid
Gach ceart ar cosaint. Ní fhéadfar aon chuid den saothar seo a mhodhnú ná a atáirgeadh ná a chóipeáil in aon fhoirm ná trí mhodhanna - grafacha, leictreonacha ná meicniúla, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh, téipeáil nó córas faisnéise agus aisghabhála, ná a úsáid chun aon chríche seachas a chuspóir ainmnithe, gan cead i scríbhinn ó EirGrid.

# Réamhrá

Tá Ciste Sochair Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh dar luach €1.53 milliún curtha ar bun ag EirGrid, mar aitheantas do thábhacht na bpobal áitiúil a thacaíonn lenár saothar agus don chur isteach sealadach a d'fhéadfaí a ghiniúint i bhfoisceacht líne an chábla le linn chéim thógála an tionscadail. Seachadfar an ciste i dtrí chéim i rith thréimhse an tionscadail, thart ar na blianta 2025-2028, agus beidh sé dírithe ar na trí chroí-shruth a leanas: Pobal, Inbhuanaitheacht agus Bithéagsúlacht. Tá coinne leis go dtacóidh an ciste go gníomhach le pobail laistigh de cheantar thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh chun tionscadail agus tionscnaimh a sholáthar lena neartaítear deiseanna agus lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin ar fud na dtrí shruth maoiniúcháin.

Is straitéis í seo atá deartha i gcomhar a chéile don phobal áitiúil, ag an bpobal áitiúil féin. Clúdaítear tréimhse Chiste Sochair Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh léi agus tá sé beartaithe chun an próiseas a threorú chun tosaíochtaí a bheartú d'infheistíocht i dtionscadail, ina roghnú agus tacú leo faoin tionscnamh seo.

Tá rannpháirtíocht shuntasach an phobail agus páirtithe leasmhara ag croílár fhorbairt na straitéise, agus beidh toradh na rannpháirtíochta sin mar bhonn faoin bhfócas straitéiseach don chiste.

Ónar ceapadh iad mar Riarthóir Cistí thiar in 2023, d'oibrigh SECAD Partnership CLG go dlúth le EirGrid, le Fóram Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh, le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara chun a chinntiú go ndéanfar straitéis sochar pobail a fhorbairt a chomhlíonfaidh go díreach éilimh na ndaoine sin a chónaíonn laistigh de limistéar geografach an tionscadail.



*St.Muredach's Cathedral, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo*


*Báid ar an Muaidh*

## Maidir le EirGrid

Is é EirGrid a oibríonn agus a fhorbraíonn an eangach tarchurtha leictreachais in Éirinn. Baineann idirnascadh le heangacha máguaird leis sin chomh maith leis an margadh leictreachais mórdhíola. Tríd an eangach, déantar cumhacht a thabhairt go sábháilte ó ghineadóirí chuig gréasán dáileacháin BSL lena soláthraítear leictreachas do gach teach, feirm agus gnóthas in Éirinn. Úsáidtear an eangach freisin chun cumhacht a thabhairt go díreach do ghnóthais a úsáideann méideanna móra leictreachais. Áirithíonn EirGrid go mbeidh an leictreachas ar fáil i gcónaí – inniu, amárach agus do na blianta atá le teacht.

## Eolas faoi SECAD Partnership CLG

Is cuideachta forbartha áitiúla í SECAD Partnership CLG a oibríonn le héagsúlacht páirtithe leasmhara sna ceantair thuaithe lena n-áirítear grúpaí pobail agus deonacha, spriocghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, cuardaitheoirí post, gnóthais (lena n-áirítear fiontraíocht phríobháideach agus shóisialta), feirmeoirí, scoileanna agus an earnáil chorparáideach. Éascaíonn SECAD réimse leathan cistí agus seirbhísí lena n-áirítear infheistíocht shóisialta agus cláir tacaíochta fostaíochta atá curtha chun feidhme thar ceann roinnt Ranna de chuid Rialtais na hÉireann, Comhlachtaí Stáit agus cliaint fuinnimh. Soláthraíonn SECAD cláir mhóra faoi láthair amhail LEADER agus an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) i dteannta scéimeanna agus tionscnaimh bheaga eile, lena n-áirítear roinnt cistí sochair pobail ar fud na hÉireann.



## Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh

Le Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh, cuirfear líne nua leis an eangach leictreachais i gCo. Mhaigh Eo agus Co. Ros Comáin.

Neartóidh an líne nua sin an eangach i gConnachta. Soláthróidh sí toilleadh leictreachais chun éileamh méadaitheach ar leictreachas a chomhlíonadh, rud a thacóidh le le fás eacnamaíoch sa cheantar. Trí cheangal leis an bhfuinneamh in-athnuaite, cuideoidh sé freisin le spriocanna na hÉireann um ghníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh.

Tá céim thógála an tionscadail dlite le tosú ag deireadh 2025 agus tá coinne leis go mbeidh sé críochnaithe agus i mbun feidhme faoi dheireadh 2028.




*Íomhá 1: Léarscáil de Thionscadal 100 kV Chonnacht Thuaidh (Foinse: EirGrid)*

## Straitéis EirGrid um Rannpháirteachas leis an bPobal

Treisíonn Straitéis EirGrid um Rannpháirteachas leis an bPobal tiomantas na cuideachta chun pobail a chur ag croílár na cinnteoireachta trí rannpháirtíocht luath agus rialta. Nuálaíocht ríthábhachtach faoin gcur chuige sin is ea fóraim phobail ionadaíocha a chruthú go luath i gcéim forbartha an tionscadail.

Déanann an fóram ionadaíocht ar son leasanna na bpobal sna céimeanna forbartha agus seachadta den tionscadal, agus tá príomhról aige chun rannpháirtíocht an phobail a áirithiú i bhforbairt straitéis an chiste sochair pobail. Cuireadh ar bun Fóram Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus déanann sé ionadaíocht ar son páirtithe leasmhara i gceantar an tionscadail.

Feidhmíonn an Fóram Pobail chun príomhpháirtithe leasmhara sa phobal a thabhairt le chéile chun na gcríoch seo a leanas:

a) Ionadaíocht a dhéanamh maidir le tuairimí a n-eagraíochta nó a bpobail i ndáil leis an tionscadal agus leis na tograí ann.
b) Machnamh a dhéanamh ar an tionscadal agus treoir a chur ar fáil maidir le riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla.
c) Cuidiú chun fadhbanna áitiúla a réiteach ar bhealach tráthúil ar fadhbanna iad a d'eascair as an tionscadal.
d) Tacú le foireann an tionscadail chun foinsí áitiúla faisnéise agus anailíse, straitéisí agus tograí a shainaithint a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar sholáthar an tionscadail, nó a chaithfí a thabhairt san áireamh lena linn.
e) Aiseolas a chur ar fáil ag príomhchéimeanna de sholáthar an tionscadail.
f) 'Guth áitiúil' a éascú agus faisnéis a chur in iúl do ghrúpa níos leithne páirtithe leasmhara réigiúnacha agus áitiúla.

## Beartas an Chiste Sochair Pobal de chuid EirGrid

Le Beartas EirGrid maidir leis an gCiste Sochair Pobail, aithnítear an tábhacht a bhaineann leis na pobail áitiúla a thacaíonn lena gcuid oibre. Faoin mbeartas seo, cruthaítear scéim sochair pobail i gcoibhneas le scála an tionscadail ábhartha.

Faoin gcur chuige sin, ceadaíonn an beartas do phobail tairbhiú d'infheistíocht ó chiste trasna trí phríomhshruth:

- An Pobal
- Inbhuanaitheacht
- Bithéagsúlacht

Is é is aidhm fhoriomlán do na cistí sin oidhreacht dhearfach a fhágáil sna pobail ina n-óstáiltear bonneagar leictreach.


# Ciste Sochair Pobail do Thionscadal 110kV Chonnacht Thuaidh

Ar bhunús scála an tionscadail, tá Ciste Sochair Pobail curtha ar bun do cheantar Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh dar luach €1.53 milliún.

Tá sé sin roinnt ina 3 shruth ar chóimhéid cistí ar fud gach srutha mar a leanas:

- Sruth an Phobail: €510,000
- Sruth na hInbhuanaitheachta: €510,000
- Sruth na Bithéagsúlachta: €510,000

Eisíocfar an Ciste Sochair Pobail ar bhonn céimnithe agus Tionscadal 110kV Chonnacht Thuaidh ag dul ar aghaidh. Eisíocfar na cistí ina dtrí chéim mar a leanas:



# Comhthéacs an Bheartais

Tá an litríocht atá le fáil ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil faoi láthair maidir le cúrsaí pobail, inbhuanaitheachta, agus bithéagsúlachta tar éis rannchuidiú leis an gcomhthéacs a shocrú d'fhorbairt na straitéise seo. Leis an gcur chuige comhtháite sin, áirithítear go bhfuil straitéis an chiste sochair pobail ag teacht le beartais níos leithne, agus tabharfar deis níos mó do phobail áitiúla chun tairbhe a bhaint as réimse tacaíochtaí níos leithne. Is féidir teacht ar na beartais, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta a measadh in Aguisín 1.

Le linn fhorbairt na straitéise seo, rinneadh machnamh ar bheartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun an comhthéacs bunúsach a chur ar fáil trasna sruthanna pobail, inbhuanaitheachta, agus bithéagsúlachta. Tríd an gcur chuige comhtháite sin a ghlacadh, áirithítear leis go bhfuiltear ag teacht go straitéiseach le beartais níos leithne, rud a fheabhsaíonn straitéis an chiste sochair pobail agus a mhéadaíonn deiseanna do phobail áitiúla réimse tacaíochtaí níos leithne a rochtain. Is féidir teacht ar liosta beartas, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta a athbhreithníodh agus an straitéis seo á hullmhú in Aguisín 1 den doiciméad seo.

Ar an leibhéal náisiúnta, tá príomhbheartais agus príomhchreataí rialtais aitheanta amhail Tionscadal Éireann 2040, an Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 - Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, agus Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach agus Chumhachtaithe: Straitéis Chúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn 2019-2024 de bheith ábhartha d'fhorbairt na straitéise seo. Cuirtear i dtábhacht ar bhonn comhsheasmhach sna doiciméid sin an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhtháite trasearnálach comhoibríoch a ghlacadh i leith fhorbairt na gceantar tuaithe. Pobail a chumhachtú chun taighde agus forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh, agus chun iad a chur chun feidhme, ina dtugtar aghaidh ar shainéilimh áitiúla mar bhunriachtanas chun pobail bhríomhara athléimneacha a chruthú faoin tuath. Mar chuid den straitéis seo, atá treoraithe ag an bhFóram Pobail agus múnlaithe ag ionchur ó phobail áitiúla, leantar go dlúth leis an gcur chuige sin, agus áiritheofar léi go gcuirfidh gníomhartha a fhaigheann tacaíocht trí mheán an chiste feabhas ar inbhuanaitheacht an cheantair áitiúil do na glúnta amach romhainn.

Ar leibhéal réigiúnach agus contae, is é is aidhm don straitéis tacú le haidhmeanna agus cuspóirí na straitéisí agus na bpleananna amhail an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach de chuid Thionól Réigiúnach an Iarthair 2020-2032 (SSER), Pleananna Forbartha Contae Mhaigh Eo agus Ros Comáin agus Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail Mhaigh Eo agus Ros Comáin (PÁEP). Tá sé d'aidhm ag na creataí sin aghaidh a thabhairt ar fhorbairt shocheacnamaíoch ar leibhéal réigiúnach agus contae, agus béim á cur ar éilimh shóisialta daoine a shásamh, aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna bochtanais agus eisiaimh shóisialta agus pobail inbhuanaithe a fhorbairt.

Chuaigh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hÉireann i bhfeidhm ar fhorbairt na hoibre sin. Is cuid dhílis é an plean den Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 agus cuirtear réitigh aeráide ag croílár ár bhforbartha sóisialta agus eacnamaíochta. Rannchuidíonn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht ar bhealach ríthábhachtach leis an straitéis óir féachtar leis gníomhaíocht don bhithéagsúlacht a uas-scálú chun an dúlra a chosaint agus a athbhunú. Tá machnamh an-chúramach déanta sna Pleananna Aeráide agus Bithéagsúlachta ar fud an Chontae do Mhaigh Eo agus Ros Comáin araon agus an straitéis á forbairt. Feidhmíonn pobail ról lárnach chun Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Bithéagsúlachta de chuid na hÉireann a bhaint amach trí thionscnaimh áitiúla a rannchuidíonn le spriocanna náisiúnta inbhuanaitheachta a stiúradh. Trí ghníomhú ar son na haeráide agus gníomhaíocht dhearfach ar son na bithéagsúlachta a chomhtháthú le saol agus cinnteoireacht laethúil ag an mbonnleibhéal, áirithíonn na pobail go mbaineann gné phraiticiúil agus bhuanfasach le hiarrachtaí mar chuid dár n-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. I gcás inar ann do phleananna agus straitéisí áitiúla ar leibhéal baile/sráidbhaile, rinneadh machnamh orthu sin freisin agus an straitéis seo á múnlú.

## Príomhthreochtaí Beartais

Tá roinnt príomhthreochtaí leathana aitheanta lena mbaineann ábharthacht ar fud na dtrí shruth de Chiste Sochair Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh.

### Pobail Tuaithe a Chumhachtú

Tagann bláthú faoi cheantair thuaithe nuair a bhíonn acmhainní agus cumas leordhóthanach ag pobail chun a bhforbairt féin a chur chun cinn. Trí ghrúpaí pobail áitiúla a chumhachtú chun tionscadail áitiúla a fhorbairt agus a sholáthar, tacaíonn sé go mór le pobail chun tionscadail inbhuanaithe a chur ar bun, cáilíocht na beatha a fheabhsú agus seirbhísí luachmhara áitiúla a chur ar fáil agus féiniúlacht na tuaithe á caomhnú.

### Cuimsiú Sóisialta & Comhionannas

Tugtar tosaíocht sa bheartas forbartha tuaithe don chuimsiú trí thacaíocht a thabhairt do mhná, daoine óga, daoine aosta, pobail nua agus grúpaí imeallaithe. Féachtar leis an mbeartas maoiniúcháin phoiblí sa réimse seo oiliúint i scileanna, fothú acmhainneachta, agus tacaíochtaí imeasctha a chur ar fáil lena gcuirtear rannpháirtíocht ghníomhach sa saol eacnamaíoch agus sóisialta chun cinn. Cuidíonn na hiarrachtaí sin chun iargúltacht a laghdú agus pobail tuaithe níos athléimní a chruthú.

### Seirbhísí & Bonneagar Tuaithe a Fheabhsú

Braitheann pobail tuaithe inbhuanaithe ar bhonneagar láidir agus rochtain ar phríomhsheirbhísí. Tríd an infheistíocht in iompar, cúram sláinte, tithíocht, oideachas agus bonneagar leormhaith pobail/fóillíochta áirithítear gur féidir le daoine a bheith ina gcónaí agus oibriú i gceantair thuaithe gan caighdeán na beatha a chur i mbaol. Sna cláir amhail "Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann", dírítear ar bhailte agus sráidbhailte beoga dlúthnasctha faoin tuath a chaomhnú.

### Cothú Ceantair

Le cur chuige cothaithe ceantair cuirtear ar chumas pobal bailte agus sráidbhailte inrochtana, feidhmiúla, mealltacha agus sainiúla a chruthú ina léirítear a bhféiniúlacht aonair. Cruthaítear leis lonnaíochtaí uirbeacha agus tuaithe ardchaighdeáin, beoga, comhdhlúite agus mealltacha inar léir an nasc idir daoine agus ceantar. Tacaíonn sé leis an athghiniúint trí spásanna dea-dheartha a chruthú san fhearann poiblí, amhail spásanna poiblí, páirceanna agus bonneagar caithimh aimsire, agus feabhsuithe comhshaoil á gcur chun cinn ag an am céanna. Féachtar leis freisin dul i ngleic go gníomhach leis an líon tithe atá folamh agus tréigthe.

### Cuimsiú Digiteach & Nascacht

Is bunriachtanas é an bonneagar leathanbhanda agus digiteach a leathnú chun an deighilt idir ceantair thuaithe agus uirbeacha a dhruidim. Is é is aidhm don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus do na cláir oiliúna i scileanna digiteacha a áirithiú gur féidir le pobail agus gnóthais tuaithe r-thráchtáil, obair chianda, oideachas, agus seirbhísí bunriachtanacha a rochtain. Trí nascacht a neartú, cothaítear an nuálaíocht agus an fás eacnamaíoch i gceantair thuaithe.

### Gníomhú ar son na hAeráide & Athléimneacht Aeráide

Tá ábhair mhachnaimh ón athrú aeráide le fáil ar fud an tírdhreacha beartais ar scála áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Téann na tiomantais chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide ó Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe go dtí pleananna agus straitéisí gníomhaíochta áitiúla. Feidhmíonn na ceantair thuaithe ról ríthábhachtach in aistriú na hÉireann chuig geilleagar ísealcharbóin. Le beartais chun tacú le fuinneamh in-athnuaite, bainistíocht talún inbhuanaithe, agus oiriúnú

aeráide, cuirtear ar chumas pobal aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil. Dreasachtaí le haghaidh teicneolaíochtaí glasa agus réitigh dhúlrabhunaithe, cuidíonn siad le loirg charbóin a laghdú agus geilleagair thuaithe a fheabhsú ag an am céanna.

### Aistriú Cóir

Is creat beartais é an tAistriú Cóir lena n-áirithítear nach bhfágtar pobail tuaithe, oibrithe, agus gnóthais chun cúil agus Éire ag bogadh i dtreo geilleagar ísealcharbóin. Díríonn sé ar phoist inbhuanaithe a chruthú, uasghrádú scileanna a chur ar oibrithe, agus tacú le pobail tuaithe chun oiriúnú don fhuinneamh in-athnuaite, do chosaint na bithéagsúlachta, agus don talmhaíocht atá neamhdhíobhálach don aeráid. Trí thosaíocht a bheartú don chóir shóisialta agus don athléimneacht eacnamaíoch, is é is aidhm don Aistriú Cóir cothromaíocht a bhaint amach idir gníomhú ar son an chomhshaoil agus cosaintí láidre don phobal agus don mhargadh saothair.

### Cosaint & Athchóiriú Gnáthóg

Beidh sé riachtanach don bhithéagsúlacht agus don athléimneacht aeráide tírdhreacha nádúrtha na hÉireann a chaomhnú agus a athchóiriú. Tacaíonn tionscnaimh rialtais le hathchóiriú ar thailte portaigh, foraoisiú le speicis dhúchasacha, agus caomhnú bogach. Cuidíonn na tionscadail sin chun fiadhúlra a chosaint, coinneáil uisce a fheabhsú, agus carbón a stóráil.



### Caomhnú faoi stiúir an Phobail

Is príomhghné d'athchóiriú rathúil na bithéagsúlachta í an rannpháirtíocht áitiúil. Is féidir le comhoibrithe trasphobail tacú go rathúil le cur chuige tírdhreach-bhunaithe i leith gníomhartha bithéagsúlachta amhail tionscadail athdhúlraithe, tionscnaimh éiceathurasóireachta, agus cláir na heolaíochta saoránach. Is príomhghnéithe cumasúcháin do phobail iad an cheannaireacht, oideachas, cothú feasachta agus maoiniú chun úinéireacht a ghlacadh ar iarrachtaí caomhantais dearfacha.

### Áineas Allamuigh agus Oidhreacht Nádúrtha

Tá oidhreacht nádúrtha na hÉireann ríthábhachtach dár n-earnálacha turasóireachta, áineasa agus folláine. Tá sé ríthábhachtach, mar sin féin, go dtugaimid cosaint don chomhshaol trí phleanáil agus forbairt níos fearr ar an áineas allamuigh, chun cloí leis an mbainistíocht dea-chleachtais ar thírdhreacha agus gnáthóga. Ní mór machnamh a dhéanamh ar úsáid fhreagrach, eolasach agus chúramach na n-acmhainní sin chun caillteanas bithéagsúlachta a laghdú agus éiceachórais éagsúla, fheidhmeacha agus idirnasctha a laghdú.

### Sláinte agus Folláine Phobail

Ar scála náisiúnta agus áitiúil, cuirtear i dtábhacht tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha a dhírítear ar chaighdeán na beatha a fheabhsú, comhionannas a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar thionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta. Is féidir le comhoibriú, idirghníomhaíocht agus comhordú ar leibhéal áitiúil feabhas suntasach a chur ar fholláine coirp agus mheabhrach do chách sa phobal. Is príomhghnéithe iad an idirghníomhaíocht shóisialta agus tacú le nascacht shóisialta chun pobail láidre a thógáil don tsláinte agus don fholláine.

# Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Beidh cuspóirí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna) mar bhonn taca faoi Chiste Sochair Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh. Is glao uilíoch chun gnímh iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chun an bochtanas a dhíothú, an pláinéad a chosaint agus beatha agus ionchas gach duine i ngach aon áit a fheabhsú. Ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe leis na 17 Sprioc thiar in 2015, mar chuid de Chlár 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe inar leagadh amach plean 15 bliana chun na Spriocanna a bhaint amach.




*Íomhá 2: Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (Foinse: Na Náisiúin Aontaithe)*

I bPlean Forfheidhmithe Náisiúnta na hÉireann maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024 tugtar cur chuige uile-rialtais chun na spriocanna sin a chur chun feidhme. Is príomh-Chuspóir Straitéiseach den phlean seo é comhpháirtíochtaí níos mó a bhaint amach chun na Spriocanna a sholáthar, agus béim á cur ar an ról gníomhach is féidir a bheith ag an tsochaí shibhialta agus ag pobail. Cuirtear i dtábhacht sa ghlao chun 'smaointeoireacht a dhéanamh ar leibhéal domhanda, gníomhú ar leibhéal áitiúil' nach féidir dúshláin uilíocha a shásamh ach trí ghníomhaíocht áitiúil.

"Leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe tugtar creat ríthábhachtach d'fhorbairt pobal óir léiríonn siad ábhair imní don cheartas sóisialta, ceartas eacnamaíoch, agus ceartas comhshaoil san obair phobail agus de chuid oibrithe pobail, agus ainmníonn siad na próisis a bhaineann le rannpháirtíocht, cumhachtú agus comhghníomhaíocht is gá chun athrú a fhíorú." (Pobail Inbhuanaithe, Ionchuimsitheacha agus Chumhachtaithe: Straitéis 5 Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach 2019-2024, Rialtas na hÉireann).

Chun tacú leis an treoir chun gnímh seo, i gCiste Sochair Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh, cuirfear béim láidir ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a thagann le ceann amháin nó níos mó de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Tabharfaidh an ciste spreagadh don smaointeoireacht chruthaitheach nuálach timpeall ar réitigh a chur ar fáil ar leibhéal áitiúil ina dtugtar aghaidh ar dhúshláin inbhuanaitheachta sna pobail. Mar chuid de gach glao ar mhaoiniú, beidh ar iarratasóirí an chaoi a dtagann a dtionscadal leis na SFInna a léiriú, agus míniú a thabhairt faoin gcaoi a rannchuidíonn sé leis na spriocanna sin a bhaint amach.



*Béal an Átha agus An Mhuaidh, Co. Mhaigh Eo, Éire ag titim na hoíche.*

# Próifíl Cheantair

Tarlaíonn forbairt an bhonneagair do Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh i bpatrún líneach idir Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo agus Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin. Tagann an ceantar laistigh de na teorainneacha riaracháin in dhá cheantar bhardasacha i Maigh Eo – Béal an Átha, Clár Chlainne Mhuiris-Béal Átha na Muice agus ceantar bardasach amháin i Ros Comáin – Mainistir na Búille.

Is ceantar tuaithe atá ann den chuid is mó, agus dáileadh fairsing spásúil ann. Tá na margaí saothair is mó sa cheantar le fáil i mBéal an Átha, Béal Átha na Muice, Baile Chathail/Cnoc Mhuire agus Bealach an Doirín.

### Béal an Átha

Is baile i dtuaisceart Chontae Mhaigh Eo é Béal an Átha. Tá daonra 10,556 duine ann (an Phríomh-Oifig Staidrimh, figiúirí ó Dhaonáireamh 2022), is é an dara baile is mó i Maigh Eo é. Tá sé aicmithe mar 'phríomhbhaile' faoi RSES, a shainítear mar ionad fostaíochta réigiúnach straitéiseach lena mbaineann scála suntasach ar féidir leis feidhmiú mar bhaile réigiúnach agus tacú leis na ceantair uirbeacha níos mó laistigh d'ordlathas na lonnaíochtaí. Is baile gnóthach bríomhar é ina bhfuil éagsúlacht saoráidí agus seirbhísí pobail amhail an tIonad Acmhainní Teaghlaigh, Ionad Ealaíon Bhéal an Átha, Ionad Mháire Mhic Róibín, Craoibhín Bhéal an Átha, Ionad d'Oibrithe Deonacha, eagraíochtaí agus saoráidí spóirt, linn snámha, leabharlann agus clóis súgartha. Tá roinnt bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ann, agus tá stáisiún traenach le fáil i mBéal an Átha agus é nasctha le Baile Átha Cliath agus réigiún an Iarthair. Baile mór turasóireachta atá ann, agus tá suíomh Bhéal an Átha ar an Muaidh go maith don iascaireacht bradán, agus Féile Bradán Bhéal an Átha á reáchtáil ar bhonn bliantúil i mí Iúil.

Áirítear leis an bhféile Lá Oidhreachta, ina mbíonn an chuid is mó de lár an bhaile dúnta don trácht, agus ina líontar na sráideanna le seastáin ealaíon agus ceardaíochta agus taispeántais córacha iompair ón anallód. Mardi Gras atá mar chlabhsúr na féile, agus taispeántas tinte ealaíne ina dhiaidh. Áirítear le roinnt de na nithe áitiúla is díol spéise do thurasóirí dá mhúsaem sa bhaile, Bailiúchán Jackie Clarke agus Músaem Chaisleán Bhéal Leice.

### Béal Átha na Muice

Is baile i gContae Mhaigh Eo é Béal Átha na Muice, suite i ngar do bhóthar an N5, 18 km ó Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire. Sa Phlean Forbartha Contae, aicmítear é mar 'Bhaile ina bhfuil Fás Féinchothaitheach' agus leibhéal measartha post agus seirbhísí ann, a cheantar saothair féin, agus ról tábhachtach le feidhmiú aige chun tacú leis an saol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha laistigh de phobal na tuaithe.

1,459 atá mar dhaonra an bhaile, de réir fhigiúirí 2022. Tá éagsúlacht mhaith saoráidí pobail, taitneamhachtaí agus seirbhísí le fáil sa bhaile amhail Páirc Taitneamhachtaí Bhéal Átha na Muice, Cúirteanna Leadóige, Galfchúrsa, Ionad Cultúrtha Bhéal Átha na Muice, Teach na Cúirte agus Leabharlann Bhéal Átha na Muice. Agus é suite ar chraobh-

| Príomhlonnaíochtaí i ndlúthghaireacht do Cheantar Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh | | |
|---|---|---|
| Bailte Móra | Bailte Meánmhéide | Bailte Beaga |
| Béal an Átha | Béal Átha na Muice<br>Bealach an Doirín | Baile Chathail |

abhainn leis an Muaidh, tá aithne ar Bhéal Átha na Muice as a uiscí iascaireachta, lena n-áirítear Lochanna an Chalaidh agus Loch Con agus Loch Cuilinn.

Ó na 1980í i leith, d'óstáil Béal Átha na Muice ceann de na féilte samhraidh is mó i gContae Mhaigh Eo, Siamsa Sráide Bhéal Átha na Muice. Léirítear san fhéile sráide mhórthaibhseach, chéilí, agus taispeántais oidhreachta na traidisiúin i Maigh Eo Thoir. Tarlaíonn an fhéile cúig lá sa chéad seachtain de mhí Lúnasa, agus feictear buíonta ceoil beo inti ag seinm i gceolchoirmeacha amuigh faoin aer chomh maith le Lá Oidhreachta, siúlóidí staire agus comórtas buscála.

### Baile Chathail

Is baile i gContae Mhaigh Eo é Baile Chathail, atá suite ar bhóthar an N17 gar dá acomhal leis an N5. Tógadh Baile Chathail i lár an 19ú céad de bharr iarrachtaí an ghníomhaire ag an Tiarna Díolún, darbh ainm Charles Strickland, in aice le Baile Eachaidh i gContae Shligigh. Tá daonra timpeall 1,172 duine ag an mbaile de réir Dhaonáireamh 2022. Tá sé aicmithe mar Bhaile Féinchothaitheach sa Phlean Forbartha Contae, óir tá leibhéil mheasartha fáis daonra ann agus bonn fostaíochta áitiúla atá teoranta. Tá dhá scoil istigh i mBaile Chathail, Scoil Náisiúnta Naomh Attracta agus Clochar Muireach Naomh Seosamh. Tá éagsúlacht mhaith saoráidí pobail, taitneamhachtaí agus seirbhísí le fáil sa bhaile amhail Ionad Ealaíon Bhaile Chathail, Ionad Caithimh Aimsire CBD, CLG Bhaile Chathail, leabharlann, clós súgartha, linn snámha amuigh faoin aer agus ionad sláinte.

### Bealach an Doirín


Is baile i gContae Ros Comáin é Bealach an Doirín. Bhí sé mar chuid de Chontae Mhaigh Eo roimh an mbliain 1898. Tá sé suite i ngar don N5. 2,387 a bhí mar dhaonra ann i ndaonáireamh 2022, agus tá sé aicmithe mar Bhaile Fáis Féinchothaitheach sa Phlean Forbartha Contae. Tá Bealach an Doirín tar éis bheith ina bhaile aontaí agus margaí ó na 1700í i leith, agus leanann sé lena ról mar bhaile mór margaidh agus ionad seirbhísí do na ceantair máguaird.

Tá roinnt seirbhísí pobail, cumann agus saoráidí le fáil sa bhaile amhail Ionad Acmhainní Pobail Bhealach an Doirín, Seid na bhFear i mBealach an Doirín, Clós Súgartha Bhealach an Doirín, Cumann CLG Bhealach an Doirín, Cumann Liathróide Láimhe Bhealach an Doirín, Cumann Leadóige Bhealach an Doirín, Cumann Sacair Bhealach an Doirín. Tá Ionad Acmhainní Teaghlaigh, Ógtheagmháil agus Ionad Breisoideachais agus Oiliúna suite sa bhaile freisin. Tá Foireann Baile ghníomhach rannpháirteach i mBealach an Doirín, ina dtugtar le chéile daoine ó na hearnálacha pobail, gnó agus reachtúla chun an baile a chur chun cinn mar áit mhaith chun cónaí, gnó a dhéanamh agus am a chaitheamh ann. I mí an Mhárta 2017, d'éirigh Bealach an Doirín ina Ionad Glactha agus Treoraithe Éigeandála (IGTÉ) le haghaidh na gcéadta teifeach ó Chogadh Cathartha na Siria. I mí Aibreáin 2018, bronnadh Gradam Daoine na Bliana ar an bpobal as fáiltiú roimh theifigh sa phobal.



# Déimeagrafaic

De réir fhigiúirí na gCeantar Beag i nDaonáireamh 2022, tá an daonra iomlán don limistéar a thugtar sa léarscáil thíos tuairim is 23,716 agus beagán níos mó ban (11,999) ná fear (11,717) ann.




*Íomhá 3: Léarscáil de Cheantair Bheaga laistigh den Limistéar Sochar 2km*




*Fíor 2: Próifíl Dhaonra na gCeantar Beag de réir Aoise*

Idir 2016 agus 2022, tháinig fás 5.2% ar dhaonra Mhaigh Eo, agus tháinig fás 8.9% ar dhaonra Ros Comáin, a bhí os cionn an ráta fáis náisiúnta (8.1%). I bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo táthar ag tuar ráta fáis 11.6% ar fud an chontae do Mhaigh Eo idir 2016 agus 2028, agus Béal an Átha ag ráta 24.4%, Béal Átha na Muice ag Ráta 19.3% agus Baile Chathail ag ráta 15%. I mBealach an Doirín, táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú ar an daonra 19% idir 2022 – 2028 de réir na bhfigiúirí i bPlean Forbartha Contae Ros Comáin.

Léiríonn torthaí Dhaonáireamh 2022 freisin inimirce ghlan dhearfach i gcontaetha Mhaigh Eo agus Ros Comáin ó 2016 i leith, ach déanta na fírinne, ní hamháin go raibh inimirce ghlan sa dá chontae dearfach ach ba mhó í ná méadú nádúrtha. Tugtar le fios leis sin go bhfuil pobail nua ag bogadh go dtí an ceantar. I mBealach an Doirín agus i mBaile Chathail, tá an daonra gnáthchónaithe a rugadh in Éirinn i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta ach tá Béal an Átha agus Béal Átha na Muice i gcomhréir níos mó leis na meáin náisiúnta.

Tá daonraí atá ag dul in aois an-suntasach ag an dá chontae freisin i gcomparáid leis na meáin náisiúnta. Tá an mheánaois is airde ag Maigh Eo go náisiúnta ag 41.6 bliain (i gcomparáid le 40.2 bliain i mí Aibreáin 2016) agus mhéadaigh meánaois Ros Comáin ó 39.7 bliain go 40.8 bliain, rud a fhágann go bhfuil sí sa tríú háit is airde sa stát. Ar bhonn náisiúnta, ba é 38.8 meánaois an daonra in 2022, méadú ó 37.4 i mí Aibreáin 2016. Laistigh de na Toghcheantair mórthimpeall limistéar an tionscadail, tá 26% den daonra os cionn 60 bliain d'aois, agus tá céatadán den chineál céanna 19 mbliana d'aois nó níos óige.

I nDaonáireamh 2022, thuairiscigh 22% de dhaonra na hÉireann go raibh riocht/deacracht nó míchumas fadtéarmach orthu. De réir staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO), dúirt díreach os cionn 23.8% díobh siúd atá ina gcónaí i dToghcheantair atá an-ghar do limistéar an tionscadail go bhfuil siad faoi mhíchumas, méid atá beagán os cionn an mheáin náisiúnta.

## Forleithne an Mhíbhuntáiste

De réir Innéacs Díothachta HP de chuid Phobal, cuimsíonn an limistéar Toghcheantair (ED) ó 'Míbhuntáiste' go 'Ábhairín Os Cionn an Mheáin'. Laistigh díobh sin, tá sé SAP (Daonraí i gCeantar Beag) aicmithe mar 'Faoi Fhíor-mhíbhuntáiste' atá sna Toghcheantair a leanas: Béal an Átha (Uirbeach), Béal an Átha (Tuath) agus Ard na Ria Theas (Uirbeach). Is ionann sin agus 4.8% de dhaonra iomlán an cheantair, agus 38.4% ina gcónaí i limistéir atá aicmithe mar limistéir 'Faoi Mhíbhuntáiste'.

| Toghcheantair | Tuairisc HP 2022 | Daonra 2022 | % d'Fhás faoin Daonra ó 2016 |
|---|---|---|---|
| Béal an Átha (Tuath) | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 3199 | 7.17 |
| Béal an Átha (Uirbeach) | Faoi Mhíbhuntáiste | 4246 | 2.46 |
| Ard na Ria Theas (Uirbeach) | Faoi Mhíbhuntáiste | 2416 | -0.17 |
| Ard na Ria Theas (Tuath) | Ábhairín Os Cionn an Mheáin | 3096 | 0.39 |
| Áth Tí an Mheasaigh Thiar | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 273 | 15.68 |
| Áth Tí an Mheasaigh Thiar | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 378 | -1.31 |
| An Caladh | Ábhairín Os Cionn an Mheáin | 442 | 11.34 |
| Tuaim Mhór | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 1724 | 8.36 |
| An Choill Dubh | Faoi Mhíbhuntáiste | 357 | 2.29 |
| Béal Átha na Muice | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 2629 | 4.04 |
| Míleac | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 541 | -4.25 |
| An Sonnach | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 1242 | 6.52 |
| Cill Bheitheach | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 1068 | 6.16 |
| Cluain Mór | Faoi Mhíbhuntáiste | 434 | -0.91 |
| Bealach an Doirín | Faoi Mhíbhuntáiste | 3254 | 19.37 |
| An Tulachán Mór | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 458 | 9.57 |
| An Cheathrú Mhór | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 896 | -1.43 |
| An Droim Riabhach | Ábhairín faoi Bhun an Mheáin | 1300 | 3.26 |
| | | | |
| | **Iomlán** | **27,953** | **4.92** |

Léirítear le sonraí Dhaonáireamh 2022 freisin éagsúlachtaí i rátaí fostaíochta ar fud phríomhbhailte an cheantair, agus tá leibhéil dífhostaíochta gearrthéarmaí faoi bhun an mheáin, ach tá líon na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach os cionn an mheáin i mBéal an Átha, i mBéal Átha na Muice agus i mBealach an Doirín.

de Bhéal Átha na Muice, Baile Chathail/Cnoc Mhuire, Bealach an Doirín, Béal Átha hAmhnais, Clár Chlainne Mhuiris agus codanna de cheantar saothair bhaile Shligigh (WDC, 2022). Is fostóir áitiúil suntasach í áis déantúsaíochta Hollister i mBéal an Átha, Contae Mhaigh Eo. agus níos mó ná 1,000 fostaí aige. I mBealach an Doirín, cuireann na tionscail próiseála agus déantúsaíochta feola príomhdheiseanna fostaíochta áitiúla ar fáil. Ar fud an cheantair, cuirtear borradh faoinngeilleagar áitiúil den chuid is mó le go leor fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá ag oibriú go príomha i seirbhísí miondíola,fáilteachais agus gairmiúla.

| Daonáireamh 2022 – % Rátaí Dífhostaíochta (Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Béal an Átha | Béal Átha na Muice | Baile Chathail | Bealach an Doirín | Náisiúnta |
| Dífhostaithe go gearrthéarmach | 2.30 | 1.63 | 0.99 | 2.96 | 3 |
| Dífhostaithe go fadtéarmach | 5.35 | 4.97 | 3.96 | 5.86 | 4 |

De réir sonraí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tá méadú de réir a chéile tagtha ar an dearbhlíon daoine fásta a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean i Maigh Eo agus i Ros Comáin le roinnt blianta anuas, a mhéadaigh ó chúigear in 2016 go dtí an líon is airde de 44 dhuine in 2022 (Nótaí Faisnéise PÁEP, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, 2022).

## Gníomhaíocht Eacnamaíoch agus Bonneagar

I gContae Ros Comáin, tá spleáchas réasúnta ard ar thalmhaíocht, ar earnálacha traidisiúnta, ar mhiondíol agus ar sheirbhísí poiblí chun tacú leis an ngeilleagar áitiúil. Tá geilleagar éagsúil i gContae Mhaigh Eo, ina bhfuil príomhearnálacha lena n-áirítear tionscail amhail talmhaíocht, turasóireacht, fuinneamh in-athnuaite, déantúsaíocht agus tionscail mhuirí.

De réir fhigiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh, ba é 10% an meánráta dífhostaíochta laistigh de na Toghcheantair áitiúla in 2022, ráta atá os cionn an ráta náisiúnta 8% i mí Aibreáin 2022. Bhí rátaí dífhostaíochta an-ard in Ard na Ria Theas (Uirbeach) (25.4%), i mBéal an Átha (Uirbeach) (19%) agus i mBealach an Doirín (19%).

Mar gheall ar dháileadh fairsing spásúil na lonnaíochtaí meánmhéide ar fud Mhaigh Eo (daonra > 1,000), tá iarthar an chontae comhdhéanta de mhargaí saothair aonair

Maidir le Turasóireacht, tá Contae Ros Comáin suite laistigh de réigiún turasóireachta Chroíthailte Ceilte Fháilte Éireann. Tá roinnt suíomhanna lena mbaineann spéis oidhreachta i mBealach an Doirín, mar shampla Ardeaglais Bhealach an Doirín agus Coláiste Nath Í. Is Shlí an Atlantaigh Fhiáin é Contae Mhaigh Eo, agus tugtar ‘Ceanncheathrú na hIascaireachta Bradán in Éirinn’ ar Bhéal an Átha agus tá Cé Bhéal an Átha liostaithe mar Phointe Fionnachtana ar Shlí Atlantaigh Fhiáin i Maigh Eo. Tá Bailiúchán Jackie Clarke ann freisin, spéise do chuairteoirí a bhfuil an-tóir air agus bailiúchán príobháideach tábhachtach de 100,000 ábhar de stair na hÉireann a théann siar 400 bliain. Is baile margaidh stairiúil é Béal na Muice, agus is ceann scríbe slatiascaireachta a bhfuil tóir air é freisin, a mheallann slatiascairí ó gach cearn den domhan chun iascaireacht dhéanamh in uiscí na Muaidhe. Tá roinnt nithe suimiúla oidhreachta is díol spéise do chuairteoirí i mBaile Chathail freisin agus tá rochtain éasca uaidh ar roinnt cúrsaí gailf móra, lochanna agus aibhneacha iascaireachta, agus tá sé in aice le roinnt conairí siúil agus rothaíochta.

Freastalaíonn Príomhbhealaí Náisiúnta N5 agus N26 ar an réigiún a bhfuil rochtain acu ar Mhótarbhealaí M6 agus M18, ag soláthar rochtain ar mhórionaid uirbeacha san oirthear, san iarthar agus san iarthuaisceart. Is tairseach chuig Iarthar na hÉireann é Bealach an Doirín, nach bhfuil lonnaithe ach cúig nóiméad déag ó Aerfort Iarthar Éireann. Freastalaíonn Iarnród Éireann ar Bhéal an Átha, agus é á nascadh le Baile Átha Cliath agus Cathair na Mart. Mar cheantar tuaithe den chuid is mó, áfach, tá an t-iompar poiblí teoranta agus is iad Seirbhísí Réigiúnacha Bhus Éireann agus roinnt bealaí Nasc Áitiúil a sholáthraíonn iompar poiblí den chuid is mó. Mar thoradh air sin, tá spleáchas ard ar charranna sa cheantar, agus is é an modh iompair is coitianta ná feithiclí pearsanta.

Cosúil le go leor bailte tuaithe in Éirinn, tá meath tagtha ar bheocht eacnamaíoch Bhealach an Doirín le blianta beaga anuas agus tá leibhéal measartha ard tréigthe ann. Is i mBealach an Doirín a bhí an ráta folúntais tráchtála is airde i Ros Comáin ó mhí na Nollag 2021, agus ráta 26.4 faoin gcéad ann. Bhí sé sin i bhfad os cionn mheán an chontae de 13.2% agus os cionn an mheáin náisiúnta de 11.7% ag an am sin. Mar iarracht chun tacú lena uaillmhian maidir le fás eacnamaíoch bríomhar, tá sé ainmnithe mar bhaile lárnach d'fhorbairt na dTionscal Cruthaitheach i Ros Comáin. In 2024, bronnadh beagnach €500,000 de mhaoiniú Bailte agus Sráidbhailte ar Bhealach an Doirín freisin chun Páirc Aitiúil na bPlotaí a fhorbairt.

## Ainmníochtaí Comhshaoil

Laistigh de bhealach cábla Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh, tá timpeallachtaí nádúrtha fairsinge ann, lena gcuirtear réimse leathan deiseanna caomhnaithe ar fáil. Is ann do roinnt suíomhanna comhshaoil ainmnithe atá faoi chosaint ag reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach. Áirítear orthu sin Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA), Limistéir Oidhreachta Nádúrtha mholta (pNHA) agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC).

- Tá luach suntasach bithéagsúlachta ag an Muaidh ar fud an chuid is mó de limistéar an tionscadail agus tá sé cláraithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC,002298). Tá Gleann na Muaidhe liostaithe freisin mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (pNHA, 002078).
- I dtreo an taoibh thiar de bhealach an tionscadail, is SAC ainmnithe é Cuan Chill Ala/Inbhear na Muaidhe (000458) le pNHA (000458) ó dheas ó Bhéal an Átha agus ag síneadh i dtreo an bhaile.
- Is SAC ainmnithe é Portach Loch Uamha, soir ó thuaidh ó Áth Tí an Mheasaigh (000633).
- Is pNHA (000511) é Turlach Chill an Turlaigh, soir ó dheas ó Bhéal Átha na Muice
- Idir Baile Chathail agus Bealach an Doirín, tá pNHAnna Phortach Dhoire na mBroc (000457), Phortach na Tamhnaí Bige (000547), Phortach an Ghabhláin (000502) agus Phortach na Coille Gairbhe (000510).
- I dtreo an chinn thoir de bhealach an tionscadail, ainmnítear Portach an Tulacháin Charraigh (002354) agus Portach an Chalaidh (000595) mar SACanna, le pNHA Loch Gara (000587) agus SPA Loch Uí Ghadhra (004048), soir ó thuaidh ó Bhéal Átha an Doirín.

Tá roinnt lochanna, coillearnacha nádúrtha, portaigh agus dobharlaigh neamhshannta scaipthe ar fud limistéar an tionscadail freisin a chuireann gnáthóga luachmhara bithéagsúlachta agus tailte beathaithe ar fáil. Tacaíonn gnáthóga bruachánacha aibhneacha

agus lochanna le raon éagsúil fiadhúlra, a bhfuil go leor acu cosanta, lena n-áirítear bradáin, bric,
loimprí, dobharchúnna, cruidíní, diúilicíní péarla fionnuisce agus speicis éanlaithe fiáine amhail scótar agus líon géanna agus lachan geimhrithe. Tacaíonn portaigh, eanaigh agus fraochmhánna le fiadhúlra amhail beathra éan, giorria sléibhe Éireannach, féileacáin agus leamhain agus tá flóra neamhghnách agus neamhchoitianta amhail magairlíní neamhchoitianta ina gcónaí iontu.

Aithnítear i bPleananna Forbartha Contae Mhaigh Eo agus Ros Comáin araon an ról suntasach atá ag tailte portaigh agus bogaigh sa cheantar ó thaobh na haeráide agus na bithéagsúlachta de. Leagtar béim iontu ar a thábhachtaí atá sé na ceantair sin a chaomhnú agus a athchóiriú chun go mbeidh siad in ann a n-acmhainneacht ceaptha carbóin agus draenála a bharrfheabhsú, agus tacú ag an am céanna leis an réimse leathan flóra agus fána atá uathúil do na gnáthóga sin. Sainaithnítear réimse gníomhaíochtaí tosaíochta amhail bainistiú speiceas ionrach, cosaint agus athchóiriú tailte portaigh agus bainistíocht cháilíocht an uisce.

## Gníomhú ar son na hAeráide

Tá méadú ag teacht ar thiomantas laistigh den réigiún páirt a ghlacadh i ngníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil a chur chun cinn trí rannpháirtíocht an phobail. Tá roinnt tionscnamh agus grúpaí maidir le gníomhú ar son na haeráide rannpháirteach go gníomhach maidir le cur chun cinn na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Sampla amháin den sórt sin is ea Ionad Mháire Mhic Róibín i mBéal an Átha a fheidhmíonn mar mhol maidir leis an smaointeoireacht, ceannaireacht, oideachas agus abhcóideacht ar cheartas aeráide agus a dhíríonn ar phobail leochaileacha atá thíos leis an athrú aeráide a chumhachtú.

Tá Oifig um Ghníomhú ar son na hAeráide bunaithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Ros Comáin agus tá Oifigigh Aeráide réamhghníomhacha acu. Le tacaíocht láidir trí chláir mheantóireachta SEAI, tá roinnt Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe laistigh den réimse sochar, amhail Foireann Baile Bhéal Átha an Doirín agus Glantachán Pobail Bhéal an Átha.

Tá feasacht láidir áitiúil ar earnáil an fhuinnimh in-athnuaite mar go bhfuil ról lárnach aici i dtírdhreach eacnamaíoch agus comhshaoil oirthuaisceart Chontae Mhaigh Eo agus Ros Comáin. D'éascaigh acmhainní nádúrtha flúirseacha an réigiúin forbairt tionscadal éagsúil fuinnimh in-athnuaite, rud a chuir go mór le spriocanna fuinnimh inbhuanaithe na hÉireann.



# An Chaoi ar Fhorbraíomar an Straitéis seo

## Cur chuige agus Modheolaíocht

Chun pobail a chur i gcroílár na straitéise seo, glacadh 'cur chuige ón mbun aníos' comhoibríoch trínar tugadh deis do phobail áitiúla agus do pháirtithe leasmhara eolas a chur ar fáil agus tosaíochtaí an chiste sochair pobail a mhúnlú do cheantar Thionscadal Chonnacht Thuaidh 110 kV. Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas sin grinnchomhairliúchán pobail a bhí ar siúl i rith na tréimhse ó mhí na Bealtaine 2024 go mí Feabhra 2025.

Ba é cuspóir an chomhairliúcháin seo:

- pobail, daoine aonair agus páirtithe leasmhara áitiúla a spreagadh chun straitéisí a fhorbairt.
- deis a thabhairt le héisteacht a fháil ar a oiread guthanna agus is féidir agus cruth á chur ar thosaíochtaí straitéiseacha.
- uas-ionchur a chinntiú uathu siúd a n-imrítear tionchar orthu agus atá ina gcónaí sa Cheantar Sochair.

## Forbhreathnú ar an bPróiseas Comhairliúcháin

Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun dul i dteagmháil agus dul i gcomhairle le pobail áitiúla i bhforbairt na straitéise seo.

| Gníomhaíocht Chomhairliúcháin | Tuairisc |
|---|---|
| Ceardlanna maidir leis an Straitéis Fóraim Pobail | Reáchtáladh trí cheardlann Fóraim Pobail le baill an Fhóraim Pobail chun iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha cur chuige straitéiseacha agus ar dheiseanna straitéiseacha chun tionchar na hinfheistíochta ar phobail áitiúla a uasmhéadú. |
| Agallaimh le Baill an Fhóraim Pobail | Reáchtáladh agallaimh le baill an Fhóraim Pobail chun pleananna, tosaíochtaí, deiseanna agus dúshláin áitiúla a shainaithint do phobail laistigh de cheantar an tionscadail. |
| Suirbhé Comhairliúcháin Pobail Ar Líne | Fuarthas 183 aighneacht ar líne. Fuarthas thart ar 32% d'aighneachtaí ó dhaoine aonair le 68% ó ionadaithe pobail agus páirtithe leasmhara. |
| Seisiúin Faisnéise 'Buail Isteach' | Reáchtáladh 5 sheisiún faisnéise 'buail isteach' ar fud an cheantair i mBéal an Átha, Áth Tí an Mheasaigh, Béal Átha na Muice, Baile Chathail agus Bealach an Doirín. Ba é cuspóir na seisiún sin faisnéis a sholáthar maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin agus cúnamh a thabhairt leis an suirbhé ar líne más gá. |
| Seisiún Faisnéise Ar Líne | Tionóladh seisiún faisnéise tráthnóna ar líne chun sonraí a sholáthar faoin gciste sochair pobail agus faoin bpróiseas comhairliúcháin ar líne. |
| Cruinnithe le Páirtithe Leasmhara Ábhartha na Gníomhaireachta | Mar chuid den phróiseas forbartha straitéise, reáchtáladh agallaimh le raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear Foireann na nÚdarás Áitiúil, Coillte, SEAI, PPN agus Soláthraithe Airgeadais Sóisialta. |

## Príomhpháirtithe Leasmhara

Agus iad i mbun pleanála le haghaidh an chomhairliúchán pobail, sainaithníodh roinnt páirtithe leasmhara mar phríomh-rannpháirtithe le forbairt na straitéise seo. Bhí ról ríthábhachtach ag na páirtithe leasmhara sin chun a chinntiú go gcuirtear cruth ar an gciste bunaithe ar dheiseanna agus riachtanais na ndaoine sin atá ina gcónaí i bpobail áitiúla.



## Fóram Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh

Bhí ról suntasach ag an bhFóram Pobail maidir le tacú le forbairt na straitéise seo. Trí rannpháirtíocht ghníomhach i gceardlanna, i gcomhairliúcháin agus i bpléití, mhol baill an Fhóraim riachtanais agus tosaíochtaí na bpobal áitiúil agus chinntigh siad gur léiríodh iad sin ar fud an doiciméid seo. Leanfaidh baill an Fhóraim de ról lárnach a bheith acu i seachadadh na straitéise seo tríd an gCiste Sochair Pobail a chur chun cinn go gníomhach ina gceantar féin agus eagraíochtaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh ann.

## Suirbhé Comhairliúcháin Pobail Ar Líne

Trí rannpháirtíocht leis an bhFóram Pobail, tháinig réimse tosaíochtaí téamacha chun cinn ar fud limistéar an tionscadail in éineacht le roinnt dúshlán nach raibh freastal á dhéanamh ar riachtanais áitiúla iontu faoi láthair. Bhí na breithnithe sin ina mbonn eolais d'fhorbairt agus do dhearadh suirbhé comhairliúcháin ar líne a osclaíodh an 2 Meán Fómhair 2024 agus a d'fhan ar oscailt le haghaidh aighneachtaí go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2024.

Iarradh orthu siúd go léir atá ina gcónaí nó ag oibriú laistigh de gha dhá chiliméadar de bhealach Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh aighneachtaí a dhéanamh, lena n-áirítear teaghlaigh aonair, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus páirtithe leasmhara áitiúla. Tacaíodh leis sin trí roinnt imeachtaí faisnéise a reáchtáladh ar líne agus in áiteanna pobail atá an-ghar do limistéar an tionscadail.

Fuarthas céad ochtó a trí aighneacht tríd an tairseach ar líne. Chuaigh an comhairliúchán i dteagmháil le grúpaí áitiúla éagsúla agus le daoine aonair a dhéanann ionadaíocht ar shainchúram leathan de chohóirt daonra, gníomhaíochtaí agus limistéir gheografacha éagsúla atá ábhartha.

Léiríonn an leibhéal ard rannpháirtíochta áitiúla sa phróiseas gur mian le pobail áitiúla a chinntiú go bhfreastalaíonn an infheistíocht seo ar riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla thar shaolré an chiste sochair pobail.

- Fuarthas 183 aighneacht ar líne
- Aighneachtaí a fuarthas ó phobail ar fud an Cheantair Sochair atá beartaithe le hionadaíocht ó dhaoine aonair (thart ar 32%), ionadaithe pobail (thart ar 52%) agus páirtithe leasmhara
- Aighneachtaí a fuarthas ó gach aoisghrúpa le hionadaíocht mhaith ó dhaoine aonair agus ó ionadaithe/scoileanna pobail gaolmhara etc.
- 40+ grúpa agus duine aonair a ndearnadh ionadaíocht orthu ag seisiúin faisnéise chomhairliúcháin ar líne agus i bpearsa

*Fíor 4: Rannpháirtíocht sa Suirbhé Comhairliúcháin Pobail ar Líne*

## Comhairliúcháin le Gníomhaireachtaí Áitiúla Páirtithe Leasmhara

Ghlac go leor príomhpháirtithe leasmhara, gníomhaireachtaí agus grúpaí áitiúla páirt sa suirbhé ar líne agus reáchtáladh roinnt agallaimh ghearra freisin le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí inar sainaithníodh deiseanna comhoibrithe féideartha mar
chuid den phróiseas comhairliúcháin pobail. Áiríodh leis sin ionadaithe ón Údarás Áitiúil, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, PPN, SEAI agus soláthraithe airgeadais sóisialta.
Bailíodh roinnt barúlacha tábhachtacha, moltaí tábhachtacha agus ionchur tábhachtach tríd an bpróiseas seo agus is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar a leanas:

- Tá acmhainneacht shuntasach ag an gCiste Sochair Pobail maoiniú luachmhar meaitseála a chur ar fáil do go leor cláir maoiniúcháin phoiblí atá ann cheana.
- Ba cheart pobail a spreagadh chun dul i dteagmháil le SEAI chun iad féin a bhunú mar Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe agus a Máistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí sraith gníomhaíochtaí a shainaithint a bhféadfaí tacú leo tríd an gCiste Sochair Pobail agus trí shruthanna maoiniúcháin eile amhail LEADER agus an Scéim Fuinnimh Pobail (ar a dtugtaí Pobail Fuinnimh Níos Fearr roimhe seo).
- Trí thacaíocht a chur ar fáil maidir le costais Taighde / Féidearthachta/ Bheochana / Phleanála / Chomhordaithe/ Éascaithe, d'fhéadfaí cur ar chumas pobal tionscnaimh agus tionscadail a bhfuil tionchar acu a bhunú ar fud an réimse sochair.
- Ba cheart ról láidir a bheith ag na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe maidir le cruth a chur ar fhorbairt na straitéise.

## Anailís ar Riachtanais agus Athbhreithniú Sonraí

Rinneadh anailís agus catagóiriú ar shonraí a bailíodh ón bpróiseas comhairliúcháin chun tosaíochtaí agus riachtanais áitiúla a shainaithint. Rinneadh anailís LLDB (féach Aguisín 3) chun tuiscint níos fearr a fháil ar na deiseanna agus na dúshláin do phobail laistigh den cheantar áitiúil agus chun tacaíochtaí a shainaithint a d'fhéadfadh bheith ag teastáil chun tionscadail agus smaointe nua a éascú. Tá torthaí an phróisis sin mar bhonn eolais do thosaíochtaí straitéiseacha an Chiste Sochair Pobail.

Athbhreithniú agus anailís ar shonraí maidir le comhairliúchán cáilíochtúil agus cainníochtúil

Saineolas agus taithí chiste SECAD agus EirGrid a chur i bhfeidhm

Comhoibriú agus plé fairsing idir EirGrid agus SECAD

Tiomantas comhroinnte chun tacú le pobail áitiúla aghaidh a thabhairt ar dhúshláin áitiúla agus deiseanna a shaothrú faoi thrí shruth an chiste

*Fíor 5: Próiseas comhoibritheach chun torthaí comhairliúcháin a chur i bhfeidhm maidir le moltaí straitéiseacha*

# An Straitéis don Chiste Sochair Pobail do Thionscadal 110kV Chonnacht Thuaidh

Leis an méid seo a leanas leagtar amach an cur chuige straitéiseach chun an Ciste Sochair Pobail do Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh a sholáthar laistigh de chreat Bheartas an Chiste Sochar Pobail de chuid EirGrid.

Tá an straitéis leagtha amach i sraith 'ráitis straitéiseacha' a d'eascair as na hionchuir a fuarthas ó phobail áitiúla le linn an phróisis comhairliúcháin, treoir agus comhairle a fuarthas ó Fhóram Pobail Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh agus an taithí a thug foirne EirGrid agus SECAD chuig an bpróiseas seo.

Cumhdaítear sa straitéis seo tréimhse an Chiste Sochair Pobail do Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh agus tá sé beartaithe chun an próiseas a threorú chun tosaíochtaí a bheartú d'infheistíocht i dtionscadail, ina roghnú agus tacú leo faoin tionscnamh seo.

## Prionsabail Straitéiseacha Uileghabhálacha

Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn taca faoin straitéis don Chiste Sochair Pobail do Thionscadal 110kV Chonnacht Thuaidh:

- ✓ Tacóidh an ciste le tionscadail atá faoi stiúir an phobail
- ✓ Féachfaidh an ciste le hoidhreacht dhearfach a fhágáil laistigh de phobail a bhfuil bonneagar Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh á óstáil acu
- ✓ Tacóidh an ciste le tionscadail atá ag teacht leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- ✓ Seachadfar an ciste trí úsáid a bhaint as cur chuige cothromaithe agus cóir
- ✓ Déanfaidh an ciste comhoibriú a spreagadh agus a chur chun cinn ar fud agus idir pobail laistigh den Cheantar Sochair

## An Ceantar Sochair

Cuirfear 'ceantar sochair' (AOB) 2km i bhfeidhm ar gach taobh de líne an chábla agus tabharfar tosaíocht do thionscadail atá lonnaithe laistigh den chrios sin. Déanfar critéir mheastóireachta a ualú chun tosaíocht a thabhairt do na tionscadail is gaire do líne an chábla. I gceantair, áfach, ina bhfuil an príomhionad seirbhíse is gaire lasmuigh den chrios 2km, féadfar tionscadail agus tionscnaimh a mheas i gcás inar féidir tairbhe dhíreach chruthaithe do chónaitheoirí laistigh den AOB a léiriú.




*Íomhá 4: Léarscáil ina léirítear an Ceantar Sochair 2km*

## Tosaíochtaí an Chiste

Tacóidh an ciste le tionscadail a thagann leis na nithe seo a leanas:

- ✓ Tosaíochtaí a sainaithníodh tríd an gcomhairliúchán pobail
- ✓ Beartas an Chiste Sochair Pobal de chuid EirGrid
- ✓ Fís an bheartais náisiúnta do Cheantair Thuaithe na hÉireann a bheidh faoi bhláth agus bríomhar
- ✓ Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Sainaithníodh raon leathan tosaíochtaí áitiúla faoi gach ceann de na trí shruth den Chiste Sochair Pobail tríd an bpróiseas comhairliúcháin áitiúil.

## Sruth Pobail

Tá sé mar aidhm ag an sruth pobail comhtháthú pobail, folláine agus oideachas a neartú. Tacóidh sé le pobail tionscadail a chur i bhfeidhm a fhágann oidhreacht dhearfach dóibh siúd atá ina gcónaí laistigh den Cheantar Sochair.

I measc na dtosaíochtaí faoin sruth seo tá:

- ✓ Láir Bailte agus Sráidbhailte a athbheochan
- ✓ Uasghrádú agus Forbairt ar Spás Áineasa agus Taitneamhachta Lasmuigh
- ✓ Daoine Scothaosta a Spreagadh, Aosú Gníomhach, Aosú sa Phobal
- ✓ Tionscadail Ealaíon, Chultúir agus Oidhreachta
- ✓ Áiseanna Turasóireachta Feabhsaithe
- ✓ Cuimsiú Sóisialta agus Comhtháthú Pobal Nua
- ✓ Áiseanna do Dhaoine Óga a Fhorbairt
- ✓ Saoráidí/seirbhísí ilchuspóireacha agus comhroinnte, amhail 'moil' phobail
- ✓ Nascacht a Spreagadh idir Áiseanna/ Taitneamhachtaí Pobail i mbailte agus i sráidbhailte
- ✓ Inrochtaineacht Foirgneamh agus Saoráidí Pobail a Fheabhsú
- ✓ Turasóireacht faoi stiúir an Phobail
- ✓ Fiontair Shóisialta
- ✓ Cúram Leanaí Pobail
- ✓ Tionscnaimh Sláinte agus Folláine don Phobal

## Sruth Inbhuanaitheachta

Is é is aidhm don sruth inbhuanaitheachta é a chur ar a gcumas do phobail gníomhaíocht dhearfach inbhuanaithe a dhéanamh ar fud raon leathan gníomhaíochtaí. Áirítear leis sin athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a smaoiníonn pobail ar fhuinneamh agus ar acmhainní, ar an gcaoi a ngineann siad iad agus ar an gcaoi a n-úsáideann siad iad. Tacóidh sé freisin le pobail tionscadail a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar an athrú aeráide, lena laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa, lena neartaítear athléimneacht agus lena rannchuidítear le todhchaí inbhuanaithe chuimsitheach do dhaoine agus don phláinéad. Molfar go láidir d'iarratasóirí a iarrann maoiniú faoin sruth inbhuanaitheachta tabhairt faoi iniúchadh fuinnimh nó saineolas gairmiúil a fháil chun a chinntiú go mbeidh tionscadail ag teacht leis an dea-chleachtas agus go rannchuideoidh siad go dearfach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

I measc na dtosaíochtaí faoin sruth seo tá:

- ✓ Feachtais Oiliúna agus Feasachta Pobail
- ✓ Tionscadail Fuinnimh In-athnuaite
- ✓ Uasghráduithe Éifeachtúlachta Fuinnimh ar Fhoirgnimh & Áiseanna Pobail
- ✓ Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní Uisce
- ✓ Laghdú Dramhaíola agus Tionscadail an Gheilleagair Chiorclaigh
- ✓ Foirgnimh Oidhreachta a Iarfheistiú agus a Athúsáid ar mhaithe leis an bPobal
- ✓ Gairdíní Pobail & Úlloird Phobail
- ✓ Tionscnaimh don Óige maidir le Gníomhú ar son na hAeráide
- ✓ Tionscnaimh Iompair Thuaithe agus Phobail
- ✓ Saoráidí Cianoibre/Cianfhoghlama
- ✓ Iompar Pobail & Taisteal Gníomhach
- ✓ Taighde, Féidearthacht agus Cúnamh Teicniúil Saineolaithe

## Sruth Bithéagsúlachta

Is é is aidhm don sruth bithéagsúlachta rannchuidiú le feabhas suntasach a chur ar bhithéagsúlacht limistéir agus a inbhuanaitheacht leanúnach a chinntiú, rud a fhágfaidh go mbeidh oidhreacht bhuan dhearfach bhithéagsúlachta ann. Ní mór taighde cúramach a dhéanamh ar na tionscadail bhithéagsúlachta atá beartaithe le tacaíocht ó speisialtóir bithéagsúlachta agus ní mór dóibh an ceadúnú comhshaoil ábhartha a chomhlíonadh. Cé go mbeidh úinéireacht ag pobail ar a dtionscadail, ní mór dóibh sceideal dian cigireachta a bheith acu agus na rialacháin ábhartha a chomhlíonadh.

I measc na dtosaíochtaí faoin sruth seo tá:

- ✓ Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a Fhorbairt
- ✓ Staidéir Féidearthachta chun tionscadail bhithéagsúlachta ar mhórscála a fhorbairt
- ✓ Oiliúint, Oideachas & Feasacht
- ✓ Gnáthóga Áitiúla a Chaomhnú (e.g. portaigh, aibhneacha, lochanna, foraoisí)
- ✓ Coillearnacha Dúchasacha a bhunú
- ✓ Conairí Bithéagsúlachta
- ✓ Tionscnaimh Bailte Slachtmhara (e.g. pailneoirí, gairdíní, páirceanna etc.)
- ✓ Tacú le Bainistiú Speiceas Ionrach
- ✓ Tacaíocht Speisialtóra Taighde, Mapála agus Éiceolaíochta
- ✓ Réitigh Dhúlrabhunaithe um Fhaoiseamh Tuile

## Méid & Luach na nDeontas

- ✓ Tacóidh an ciste le raon méideanna tionscadal, idir thionscnaimh bheaga agus thionscadail oidhreachta ar mhórscála.

Léirigh an próiseas comhairliúcháin raon leathan tionscadal agus tionscnamh a éilíonn leibhéil infheistíochta éagsúla. I gcomhréir leis na torthaí sin, tacóidh an ciste le idir thionscadail bheaga agus thionscadail ar mhórscála le bronnadh deontais idir €1,000 - €75,000.

Déanfar tionscadail a chatagóiriú mar a leanas:

| | |
|---|---|
| **Tionscnaimh bheaga** | **€1,000-€10,000** |
| **Tionscnaimh mheánacha** | **€10,000-€40,000** |
| **Tionscnaimh mhóra** | **€40,000-€75,000** |

### Tionscadail Infheistíochta ar Mhórscála

- ✓ Tacóidh an ciste le tionscadail infheistíochta ar mhórscála a rachaidh chun tairbhe don phobal go fadtéarmach agus a rachaidh i bhfeidhm ar ghrúpaí úsáideoirí áitiúla iomadúla

Ní mór do thionscadail ar mhórscála maidir le Caipiteal, Áiseanna agus Trealamh a léiriú conas a rachaidh siad chun tairbhe don phobal ar fad agus conas a rachaidh siad i bhfeidhm ar ghrúpaí úsáideoirí áitiúla.

Táthar ag súil, i gcás inar ann do shruthanna maoiniúcháin eile is infheidhme, go n-úsáidfear an ciste sochair pobail mar mhaoiniú meaitseála nó mar mhaoiniú breise.

Féadfar eisceacht ón uasmhéid deontais €75,000 a mheas le haghaidh tionscadal nó tionscnamh ar mhórscála a mbeidh tionchar suntasach aige orthu siúd go léir atá ina gcónaí ar fud an cheantair sochair iomláin agus níos faide i gcéin.

## Scáth-thionscadail

- ✓ Tacóidh an ciste le grúpaí/ tionscnaimh nua, ilphobail agus níos lú trí 'scáth-thionscadail'.

Chun grúpaí beaga agus grúpaí atá ag teacht chun cinn a spreagadh chun leas a bhaint as na cistí, tacóidh an ciste le tionscnaimh nua, ilphobail agus grúpaí níos lú trí shásra 'scáth-thionscadail'. Is éard is scáth-thionscadal ann ná cás ina bhféadfadh príomhiarratasóir, amhail Comhairle Pobail, iarratas a dhéanamh thar ceann roinnt grúpaí nó tionscadail níos lú laistigh den phobal. Is féidir leis an bpríomhiarratasóir roinnt fothionscadal nó fothionscnamh a "chuachadh" le chéile agus glacfaidh sé freagracht as ceanglais riaracháin agus chomhlíontachta an iarratais fhoriomláin ar dheontas a bhainistiú. D'fhéadfadh sé sin cabhrú leis an bpróiseas iarratais a ghiorrú do thairbhithe beaga, an méid páipéarachais a laghdú agus é a chur ar a gcumas do spriocghrúpaí, ar deacair dul i dteagmháil leo murach sin, a bheith rannpháirteach. Leis an sásra sin, spreagfar comhoibriú agus fothú acmhainneachta le haghaidh grúpaí beaga freisin.



## Cineálacha Tacaíochta Maoiniúcháin

Tacóidh an ciste le tionscadail phobail trí infheistíocht deontais sna nithe seo a leanas:

- ✓ Infheistíocht Chaipitil
- ✓ Trealamh a Cheannach
- ✓ Saineolas & Tacaíocht Theicniúil agus Ghairmiúil
- ✓ Costais Beochana / Forbartha / Comhordaithe Pobail
- ✓ Oiliúint & Fothú Acmhainneachta
- ✓ Taighde & Forbairt

Tríd an bpróiseas comhairliúcháin pobail, aithníodh go raibh tacaíochtaí éagsúla ríthábhachtach d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm tionscadal ar fud na dtrí shruth. Trí na hinfheistíochtaí deontais thuas, tá sé mar aidhm ag an straitéis seo tacú le pobail tionscadail faoi stiúir áitiúil a chur chun cinn a thógann ar a gcuid láidreachtaí agus deiseanna agus a thugann aghaidh ar a gcuid riachtanas agus tosaíochtaí.

### Infheistíocht Chaipitil

Tacóidh an ciste le hinfheistíocht sa bhonneagar caipitil i gcás ina bhfuil riachtanas sainaitheanta laistigh den phobal, e.g. na costais a bhaineann le bonneagar atá ann cheana a uasghrádú nó bonneagar nua a bhunú lena úsáid ag an bpobal. Breithneofar tacaíocht do cheannach talún freisin i gcás inar sainaithníodh riachtanas soiléir laistigh den phobal maidir le húinéireacht talún chun tionscadal oidhreachta ardtionchair a fhorbairt faoi cheann amháin nó níos mó de shruthanna an chiste. Ní mór do phobail a bheith in ann a léiriú conas a chumasóidh ceannach talún seachadadh tionscadail agus conas a bhainisteofar é. Ní mór cuspóir pobail/ úsáid bheartaithe/úsáidí beartaithe na talún a shainaithint go soiléir freisin.

### Trealamh a Cheannach

Tacóidh an ciste le ceannach trealaimh a theastaíonn ó ghrúpaí pobail agus deonacha chun tabhairt faoina ngníomhaíochtaí.

### Saineolas & Tacaíocht Theicniúil agus Ghairmiúil

Tacóidh an ciste le pobail saineolas speisialaithe, oilte, teicniúil a sholáthar atá ríthábhachtach chun tionscadail a phleanáil agus a sheachadadh.

Tabharfar tacaíocht do phobail chun saineolas gairmiúil a sholáthar i gcás ina meastar é a bheith ríthábhachtach chun tionscadail nó tionscnaimh a fhorbairt. D'fhéadfaí sé sin a dhéanamh le haghaidh cuspóir sonrach amhail taighde a dhéanamh, sonraí a phleanáil agus a thabhairt chun críche le haghaidh tionscadail ardtionchair, nó saineolas speisialaithe a fhostú chun tionscadail a fhorbairt i gcomhréir le dea-chleachtas nó ceanglais rialála (e.g. innealtóirí/ailtirí/éiceolaithe/speisialtóirí oidhreachta/saineolaí éifeachtúlachta fuinnimh atá cáilithe agus a bhfuil taithí acu, etc.

### Costais Beochana / Forbartha / Comhordaithe Pobail

Sainaithníodh riachtanas díreach sa cheantar maidir le beochan bunaithe ar aschur agus acmhainní forbartha pobail a thacóidh le hiarrachtaí deonacha chun tionscadail agus tionscnaimh a thabhairt chun críche, go háirithe maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, fothú caidrimh agus comhoibriú, iarratais ar
dheontais a ullmhú, tionscadail a chomhordú agus maoirseacht ar thionscadail.
Chun forbairt áitiúil inbhuanaithe a chumasú, tacóidh an ciste le róil Bheochana / Forbartha Tionscadail / Chomhordaithe atá nasctha go díreach le bunú agus fás tionscnamh pobalbhunaithe inbhuanaithe, comhoibríoch laistigh den Cheantar Sochair agus a mbeidh tionchar fadtéarmach acu orthu siúd atá ina gcónaí sa cheantar. Féadfar na róil sin, a bheidh teoranta do ról amháin in aghaidh an iarratasóra, a mheas do phríomhbhailte agus sráidbhailte laistigh den Cheantar Sochair, nó chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm tionscadal agus tionscnamh ar fud an cheantair. Ní mór dóibh tacú le nscadail chomhoibríocha a fhorbairt a théann chun tairbhe don phobal ar fad, a bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil acu do na daoine is leochailí nó is iargúlta sa phobal nó a bhfuil tionscnaimh atá dírithe an athrú aeráide/ar an gcomhshaol á gcur chun feidhme acu.

### Oiliúint & Fothú Acmhainneachta

Tacóidh an ciste le heagraíochtaí pobail agus deonacha áitiúla chun cláir oiliúna agus fothaithe acmhainní a sholáthar faoi cheann amháin nó níos mó de shruthanna an chiste. Is é an cuspóir a bheidh leis sin eolas agus feasacht a neartú maidir leis na tosaíochtaí a sainaithníodh le linn an chomhairliúcháin.

### Taighde agus Forbairt

Tacóidh an ciste leis na costais a bhaineann le taighde agus forbairt chun cur ar chumas grúpaí imscrúdú a dhéanamh ar chineálacha nua cur chuige chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nó ar dheiseanna áitiúla faoi na tosaíochtaí a leagtar amach ar leathanach 36. D'fhéadfaí a áireamh leis sin staidéir féidearthachta nó taighde praiticiúil a dhéanamh atá riachtanach chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm tionscadal nó tionscnamh nuálach nua don cheantar áitiúil.

### Infheistíocht Chomhoibríoch agus Tacaíochtaí Maoiniúcháin Eile

- ✓ Spreagfaidh an ciste comhoibriú agus cómhaoiniú infheistíochta i gcás ina bhfuil sruthanna maoiniúcháin eile ann.
- ✓ Is é 90% de chostais tionscadail a bheidh sa deontas uasta le haghaidh tionscadal (seachas scáth-thionscadail a d'fhéadfaí a mhaoiniú suas le 100% in imthosca áirithe)
- ✓ I gcás tionscadail mhóra beidh gá le ranníocaíocht meaitseála maoinithe níos mó

Tá sé tábhachtach go dtacaíonn an ciste sochair pobail seo le sruthanna maoinithe atá ann cheana féin agus a bhfuil rochtain ag pobail áitiúla orthu, agus go gcuireann sé leo. Chun tionchar an chiste a uasmhéadú, spreagfar cur chuige comhoibríoch agus cómhaoinithe, go háirithe nuair atá infheistíochtaí mórscála i gceist, agus nuair atá foinsí maoinithe poiblí eile ann.

Le go mbeidh tionscadail inbhuanaithe, tá comhoibriú bunriachtanach. Oibreoidh EirGrid agus SECAD Partnership CLG go dlúth le pobail, le húdaráis áitiúla, ENRanna agus gníomhaireachtaí Stáit chun a chinntiú go mbaineann pobail an tairbhe is mó agus is féidir amach as na deiseanna atá ar fáil dóibh chun a gceantar a athrú lena riachtanais a chomhlíonadh.

### Cineál na Fiontraíochta Sóisialta

- ✓ Tacóidh an ciste le fiontraíocht shóisialta mar réiteach chun bearna a líonadh maidir le seirbhísí pobalbhunaithe

Tacóidh an ciste le Fiontraíocht Shóisialta mar réiteach chun bearna a líonadh maidir le seirbhísí pobalbhunaithe, ag tacú le daoine leochaileacha nó scoite sa phobal, nó seirbhísí atá ceannródaíoch i gcur chun feidhme tionscnamh a dhíríonn ar an athrú aeráide/ar an gcomhshaol ar fud an Cheantair Sochair.

## Cur Chuige Cothromaithe a Bhaint Amach

### Tacú le Cur Chuige atá Cóir agus Cothromaithe ó thaobh na Tíreolaíochta de

- ✓ Agus na pobail iolracha agus éagsúla atá suite ar fud an cheantair sochair á n-aithint, déanfar iarracht leis an gciste cur chuige geografach cóir agus cothromaithe a bhaint amach i leith leithdháileadh cistí le linn shaolré an chiste.

Déanfar SECAD Partnership agus EirGrid athbhreithniú ar chothromaíocht gheografach na gcistí ar fud an Cheantair Sochair tar éis gach babhta maoinithe agus spreagfar pobail nach bhfuair maoiniú go fóill iarratais a chur isteach i mbabhtaí amach anseo, agus tacófar leo é sin a dhéanamh.

Tabharfar aird chuí ar an tionchar díreach níos mó a bheidh ar lár bhaile Bhéal Átha na Muice le linn na céime tógála freisin le linn phróiseas measúnaithe an tionscadail.

Ar feadh an phróisis measúnaithe, tabharfar tús áite do phobail nár bronnadh maoiniú orthu i mbabhtaí roimhe sin le linn an tríú céim maoinithe, ach iarratais maoinithe ardchaighdeáin a chur isteach maidir le tionscadail incháilithe. Déanfar é sin chun a chinntiú go mbeidh deis ag gach pobal a n-imríonn an bonneagar tionchar orthu tairbhe a bhaint as an gciste seo.




*Swinford, Co.Mayo*

## Spreagadh agus Tacaíocht a Thabhairt don Infheistíocht Chothromaithe ar fud Shruthanna an Chiste

- ✓ De réir Bheartas EirGrid maidir leis an gCiste Sochair Pobail, coimeádfar infheistíocht chothromaithe i ngach ceann de na trí shruth. Bheadh aon athrú air sin ina eisceacht.
- ✓ Spreagfar pobail na trí shruth maoinithe a mheas agus iad ag ullmhú a gcuid pleananna tionscadail agus iarratas ar mhaoiniú.

Ar feadh shaolré an chiste, oibreoidh SECAD Partnership agus EirGrid le chéile le pobail chun infheistíocht chothromaithe a bhaint amach i ngach ceann de na trí shruth (Pobal, Inbhuanaitheacht & Bithéagsúlacht) mar a leagtar amach i mBeartas EirGrid maidir leis an gCiste Sochair Pobail.

Oibreoidh SECAD Partnership agus EirGrid le chéile le pobail chun deiseanna a fhiosrú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na trí shruth go léir agus iad ag forbairt a gcuid tionscadal agus tionscnamh. Spreagfar tionscadail mhóra go tréan na trí shruth maoinithe go léir a mheas ina bpleananna tionscadail. Tabharfar solúbthacht do thionscadail ionas gur féidir cistí a tharraingt ó na sruthanna go léir nuair a bhaineann siad leis an tionscadal.

## Ceadú i bPrionsabal

- ✓ Leis an gciste tacófar le tionscadail ardacmhainne ag a bhfuil plean tionscadail soiléir ach a bhfuil am breise de dhíth orthu chun iarratais tionscadail iomlána a chur i gcrích trí chur chuige 'ceadú i bprionsabal'.

Chun tacú le cur chuige cothromaithe, cuirfidh 'Ceadú i bPrionsabal' bronnadh maoinithe coinníollach ar fáil do thionscadail ardacmhainne, rud lenar féidir cistí eile a ghiaráil, chomh maith le hinfheistíocht atá riachtanach chun an tionscadal a sholáthar. Ní mór tionscadail incháilithe 'Ceadú i bPrionsabal' a bheith an-fhorbartha, e.g. tá na sócmhainní socraithe, tá an fhéidearthacht cruthaithe, agus tá an plean tionscadail forbartha, etc.

Mar sin féin, tabharfar tosaíocht do thionscadail atá réidh le tosú cheana féin nuair a chuirtear an t-iarratas isteach.



# Cén chaoi a bhFeidhmeoidh an Ciste?

Mar Riarthóir Ciste ceaptha don Chiste Sochair Pobail le haghaidh Thionscadal 110kV Chonnacht Thuaidh, oibreoidh SECAD Partnership le EirGrid chun bainistiú éifeachtach a chinntiú ar na cistí laistigh de chreat Bheartas EirGrid maidir leis an gCiste Sochair Pobail agus ar aon dul le Straitéis an Chiste Sochair Pobail do Thionscadal 110kV Chonnacht Thuaidh.




*Fíor 6: Sreabhchairt faoin Iarratas ar an gCiste Sochair Pobail*

## Oscailt Cistí

Foilseofar go forleathan oscailt gach babhta maoinithe trí raon cainéal cumarsáide. Beidh an ciste oscailte d'iarratais ar feadh tréimhse sé go hocht seachtaine, agus cuirfear na hiarratais isteach trí thairseach ar líne. Cuirfear treoir iarratais ar fáil, agus beidh tacaíocht ar fáil d'iarratasóirí ó SECAD Partnership i rith an ama sin.

## Meastóireacht agus Dámhachtain Cistí

Tar éis an dáta deiridh, déanfaidh painéal déanta deontais neamhchlaonta measúnú ar na hiarratais. Ar an bpainéal seo beidh SECAD Partnership, EirGrid agus ball neamhspleách/baill neamhspleácha ag a bhfuil saineolas faoi fhorbairt pobail. Féadfaidh saintreoir bhreise a lorg freisin mar chuid den phróiseas measúnaithe tionscadail más infheidhme. Leithdháilfear maoiniú ag gach babhta tar éis próiseas scórála iomaíoch.

## Bainistiú Ciste

- ✓ I gcás nach leithdháiltear buiséad iomlán faoi bhabhta maoinithe, tabharfar aon chistí nár úsáideadh (i.e. gannchaitheamh) ar aghaidh le bheith ar fáil le linn an chéad bhabhta eile.
- ✓ Cistí a d'fhéadfadh a bheith tiomanta do thionscadal ach nach n-úsáidtear go hiomlán (i.e. gannchaitheamh ar thionscadal), tabharfar ar aghaidh iad le bheith ar fáil le linn an chéad bhabhta eile.
- ✓ Tabharfaidh SECAD Partnership agus EirGrid faoi athbhreithniú ar aon chistí nár leithdháileadh tar éis an bhabhta maoinithe deiridh agus measfaidh siad moltaí maidir leis an mbealach is fearr le cistí a úsáid chun leithdháileadh iomlán a chinntiú.

# Ag Fanacht Nasctha

Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise agus nuashonruithe faoin gCiste Sochair Pobail do Thionscadal 110kV Chonnacht Thuaidh ar shuíomh gréasáin SECAD Partnership ag www.secad.ie/what-we-do/north-connacht-110-kv-project.

Is féidir teacht ar SECAD ar:
Twitter: @SECADCork nó Facebook: @secadcork

SECAD Partnership CLG
Lárionad Fiontair Pobail Mhainistir na Corann,
Páirc Ghnó Abhainn na Cora, Cnocán Ghrífín
Mainistir na Corann,
Co. Chorcaí P25 Y893,
ÉIRE

Guthán 021 461 3432
Ríomhphost: info@secad.ie Suíomh gréasáin: www.secad.ie

Le haghaidh faisnéis i ndáil le tionscadal bonneagair 110kV Chonnacht Thuaidh, téigh chuig EirGrid.ie/NorthConnacht nó téigh i dteagmháil le:



**Eoghan O'Sullivan**
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
+ 353 87 247 7732



# Aguisín 1 – Doiciméadacht Tagartha a Chuir Leis

- Pobail Inbhuanaithe, Ionchuimsitheacha agus Chumhachtaithe: Straitéis Chúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn 2019-2024
- Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 – Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann
- Tionscadal Éire 2040, Creat Náisiúnta Pleanála, Rialtas na hÉireann
- Plean Forfheidhmithe Náisiúnta maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024
- An Creat Éire Shláintiúil 2019-2025
- Treochlár um Chuimsiú Sóisialta 2020-2025
- Lár Bailte ar dTús, Cur Chuige Beartais le haghaidh Bhailte na hÉireann
- An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach (NPAS)
- Éire Óg, An creat beartais náisiúnta do leanaí agus daoine óga, 2023-2028
- An Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta 2021-2025
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 'Ár dTodhchaí a Dhaingniú'
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030
- Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025
- Téigh Amach Faoin Aer: Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer 2023-2027, Rialtas na hÉireann
- Beartas Spórt Éireann maidir le Spórt agus Gníomhaíocht Coirp Lasmuigh, 2020
- Aistriú an Phobail: Forbairt faoi Stiúir Pobail don Cheartas Aeráide, 2020
- 'Gníomh an Aontais ar son Sráidbhailte Cliste', An Coimisiún Eorpach, 2017
- Cianobair a Chumasú, An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair
- Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach 2020-2032, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair
- Plean Forbartha Contae Ros Comáin 2022-2028
- Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028
- Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Ros Comáin (PÁEP)
- Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Maigh Eo (PÁEP)
- Plean Gníomhaíochta Mhaigh Eo don Bhithéagsúlacht, 2010 – 2015
- Plean Mhaigh Eo um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029
- Plean Ros Comáin um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024 – 2029
- An Dúlra agus an Fiadhúlra i Ros Comáin - Gníomh ar son na Bithéagsúlachta, Comhairle Contae Ros Comáin, 2012
- Straitéis Forbartha Áitiúla LEADER, Limistéar Foréigiúnach Chontae Ros Comáin 2023-2027
- Straitéis Chontae Ros Comáin um Imeascadh Imirceach 2023-2028
- Straitéis um Imeascadh Imirceach i Maigh Eo 2022-2026
- Beartas an Chiste Sochair Pobal de chuid EirGrid 2022
- Plean EirGrid um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 2022
- Máistirphleananna Fuinnimh Áitiúil, Pleananna Áitiúla um Ghníomhú ar son na Bithéagsúlachta agus Pleananna Áitiúla Forbartha Pobail i gcás inarb infhaighte.

# Aguisín 2 - Eagraíochtaí agus Grúpaí is Rannchuiditheoirí

| | |
|---|---|
| Ionaid Pobail Áth Tí an Mheasaigh | Scoil Náisiúnta na Coille Móire |
| Cumann Forbartha Áth Tí an Mheasaigh | Scoil Náisiúnta Dhoire na mBroc |
| Cumann Tuismitheoirí Áth Tí an Mheasaigh | Cumann Lúthchleasaíochta Mhaigh Eo Thoir |
| Cumann Sacair Bhealach an Doirín | Ionad Athair Peyton |
| CLG Bhealach an Doirín | Foróige Bhaile Chathail |
| Cumann Liathróide láimhe Bhealach an Doirín | Cumann Cónaitheoirí na Gléibe |
| Spórtlann Bhealach an Doirín | IRD North Mayo West Sligo CLG, ag trádáil leis an ainm Moy Valley Resources |
| Cumann Leadóige Bhealach an Doirín | Pobal ar Aire Chill Bheitheach |
| Foireann Baile Bhealach an Doirín | Cumann Peile Ban Chill Mobhí |
| Cró na mBan Bhealach an Doirín | Clár Uiscí Údarás Áitiúil |
| Cró na bhFear Bhealach an Doirín | Ionad Mháire Mhic Róibín |
| Ionad Ealaíon Bhéal an Átha | Iompar Pobail Mhaigh Eo CTR |
| Baile atá Oiriúnach don Uathachas é Béal an Átha | Comhairle Contae Mhaigh Eo |
| Comhlachas Tráchtála Bhéal an Átha | Cuideachta Forbartha Áitiúla Mhaigh Eo Thoir Thuaidh |
| Athghiniúint ar Chlochar Bhéal an Átha CTR | Turasóireacht Mhaigh Eo Thuaidh |
| Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhéal an Átha CTR | Ionad d'Oibrithe Deonacha Mhaigh Eo |
| Ionad Acmhainní Naomh Uinseann de Pól i mBéal an Átha | Grúpa Oidhreachta Mhaigh Eo Thuaidh agus Shligigh Thiar |
| Ionaid Pobail Mhuine Chonalláin Thoir | Ros Comáin Thiar Thuaidh CTR |
| Mol Óige Mhuine Chonalláin Thoir | Comhairle Contae Ros Comáin |
| Coiste Reilige Bhun na Fionnghlaise | PPN Ros Comáin |
| Cumann Forbartha Pobail Bhrosna | Cumann CLG Fear na Sáirséalach, Ard na Rí |
| Páirc Phobail Bhrosna | Scoil Náisiúnta Naomh Attracta, Bealach an Doirín |
| Grúpa Dífhibrileoirí Bhrosna | Scoil Náisiúnta Naomh Colmán, Doire na mBroc |
| Scoil Náisiúnta Bhrosna | Iar-Bhunscoil Naomh Muire |
| Forbairt Shaorálach Bhrosna | Scoil Náisiúnta Naomh Mícheál |
| Cumann Forbartha BVC | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) |
| Cumann Dornálaíochta Cheathrú an Chaisil | Seó Talmhaíochta Bhéal Átha na Muice |
| Meitheal Ealaíon Bhaile Chathail | Páirc Taitneamhachtaí Bhéal Átha na Muice |
| Cumann Dornálaíochta Bhaile Chathail | Cumann Lúthchleasaíochta Bhéal Átha na Muice |
| Scéim Fostaíochta Pobail Bhaile Chathail | Cumann Beiriste Bhéal Átha na Muice |
| Cumann Cispheile Macaomh Bhaile Chathail | Comhaltas Bhéal Átha na Muice |
| Comhlachas Forbartha Bhaile Chathail | Forbairt Phobal Bhéal Átha na Muice |
| Cumann Drámaíochta Bhaile Chathail | CLG Bhéal Átha na Muice |
| Cumann CLG na Sáirséalach Bhéal Átha na Muice | Cumann Gailf Bhéal Átha na Muice |
| Linn Snámha Bhaile Chathail | LGFA Bhéal Átha na Muice Chill Lasrach |
| Oifig Aeráide, Comhairle Contae Mhaigh Eo | Féile Sráide Siamsa Sráide Bhéal Átha na Muice |
| Oifig Aeráide, Comhairle Contae Ros Comáin | Coiste Bailte Slachtmhara Bhéal Átha na Muice |
| Cumann Sacair Raonaithe Con | Cumann an Aimiréil Brown |
| Craoibhín, Béal an Átha | Cumann Cúraim an Iarthair, Béal an Átha |
| Grúpa Pobail na Coille Móire | Coimisiún um Fhorbairt an Iarthair |

# Aguisín 3 – Anailís LLDB ar an gCeantar

Rinneadh anailís LLDB ar feadh na dtrí shruth den Chiste Sochair Pobail. Múnlaíodh sin leis an réimse foinsí agus próiseas faisnéise lena n-áirítear fianaise agus anailís oibiachtúil ó phróifíl shocheacnamaíoch cheantar Mhaigh Eo Thoir Thuaidh/Ros Comáin Thiar Thuaidh, an anailís ar éilimh, na torthaí comhairliúcháin, doiciméid bheartais ar bhonn náisiúnta agus atá sonrach do chontaetha.



# An Pobal

| Láidreachtaí | Laigí |
| --- | --- |
| • Eagraíochtaí pobail gníomhacha dea-bhunaithe ag feidhmiú sa chuid is mó de bhailte agus sráidbhailte.<br>• Dea-cháilíocht na beatha agus rochtain ar sheirbhísí agus taitneamhachtaí éagsúla pobail<br>• Dlúthfhogasacht le taitneamhachtaí lasmuigh agus leis an gcomhshaol nádúrtha le folláine a fheabhsú<br>• Cur chuige láidir comhoibríoch agus líonraithe chun tionscadail a théann i bhfeidhm go mór a sholáthar.<br>• Meon, mórtas agus rannchur deonach atá láidir ar fud an cheantair.<br>• Cumas cruthaithe bailte agus sráidbhailte chun maoiniú poiblí a fháil agus a infheistiú san fhorbairt áitiúil rathúil<br>• Tá saoráidí spóirt agus pobail forbartha i ngach ceann de na bailte/sráidbhailte.<br>• Cuideachtaí Forbartha Áitiúla atá láidir gníomhach chun seirbhísí agus tacaíochtaí áitiúla a chur ar fáil.<br>• Pobail atá éirí níos éagsúla<br>• Leibhéil chomhpháirtíochta níos mó idir tacaíochtaí ón stát, ón rialtas áitiúil agus ó chuideachtaí forbartha áitiúla chun seirbhísí a phleanáil agus a chur ar fáil.<br>• Struchtúr PPN atá gníomhach rannpháirteach.<br>• Ionchas mór ó thaobh cultúir, ealaíon, oidhreachta agus turasóireachta de<br>• Gaol láidir leis an tírdhreach, cultúr agus oidhreacht áitiúil<br>• Fogasacht le hAerfort Iarthar na hÉireann (Cnoc Mhuire) agus leis an ngréasán iarnróid (Béal an Átha) | • Spás teoranta forbartha óige, go háirithe a mhéid nach mbaineann le spórt.<br>• Cineál tuaithe an cheantair óna dtagann rochtain theoranta ar sheirbhísí bunriachtanacha amhail cúram sláinte, oideachas, agus iompar poiblí do roinnt ball den daonra.<br>• Líon teoranta deiseanna tionscail nó fostaíochta sa cheantar, agus roinnt mhór daoine ag timaistriú chuig bailte agus cathracha níos mó.<br>• Líon teoranta seirbhísí nó deiseanna sóisialta do dhaoine scothaosta.<br>• Líon teoranta saoráidí cúraim leanaí le fáil i roinnt ceantar.<br>• Easpa infheistíochta i seirbhísí poiblí i gcomhréir le fás faoin daonra ag cur brú ar sheirbhísí áitiúla.<br>• Níl na hacmhainní ag roinnt saoráidí pobail chun freastal ar mhéaduithe ar an daonra.<br>• Éilimh mhéadaitheacha ar oibrithe deonacha agus ar sheirbhísí atá bunaithe ar obair dheonach, agus leibhéil ísle sealaíochta oibrithe deonacha ann.<br>• Meascán méadaitheach eitneach agus ní thugtar acmhainní cuí don chuid is mó de phobail chun na dúshláin a thagann leis sin a chomhlíonadh.<br>• Ceantar tuaithe ina bhfuil aonrú sóisialta ag dul i bhfeidhm ar roinnt cónaitheoirí, go háirithe daoine scothaosta a chónaíonn ina n-aonar agus iad siúd gan rochtain ar a n-iompar féin acu.<br>• Ní thugtar dóthain acmhainní don iompar tuaithe, rud a théann i bhfeidhm go diúltach ar chaighdeán na beatha, go háirithe sna pobail atá i gcroí na tuaithe.<br>• Scoilt atá ag teacht aníos ó thaobh cumarsáide agus cúrsaí digiteacha de, gan leathanbhanda leormhaith le fáil fós i roinnt ceantar. |

| Deiseanna | Bagairtí |
| --- | --- |
| • Ardchumas do dheiseanna comhoibrithe idirphobail/trasphobail chun pobail tuaithe a neartú.<br>• Is féidir le cómhaoiniú na gcistí sochair pobail le maoiniú eile dul i bhfeidhm go mór ar cheantair áitiúla.<br>• Deis chun bonneagar feabhsaithe nua a chruthú chun spás agus tacaíochta a chur ar fáil do phobail agus daoine óga.<br>• Deiseanna turasóireachta, cúraim leanaí agus oidhreachta faoi stiúir an phobail<br>• Infheistíochtaí i bpobail le béim ar imeascadh, cuimsiú sóisialta agus soláthar seirbhísí.<br>• Tionscnaimh mheabhairshláinte agus folláine a fhorbairt<br>• Deiseanna don fhiontraíocht shóisialta na heasnaimh i soláthar seirbhíse a chomhlíonadh.<br>• Cumas chun forbairt saoráidí tréigthe pobail nó láithreán tréigthe cónaitheach / gnó a iniúchadh le húsáid pobail a bhaint astu<br>• Tacú le feabhsú ar chaighdeán na beatha i bpobail tuaithe.<br>• Seirbhísí chun caighdeán na beatha a fheabhsú do dhaoine scothaosta.<br>• Chun dul i ngleic le daoine aonair trasna na nglúnta agus na bpobal chun páirt a ghlacadh i ngníomhartha pobail<br>• Líonra láidir pobail a fhorbairt chun forbairt ionchuimsithe agus áitiúil bunaithe ar an gceantar a spreagadh<br>• Cumas saoráidí cianoibre/cianfhoghlama a fhiosrú | • Daonra atá ag dul in aois<br>• Eisimirce lucht saothair oilte agus daoine óga<br>• Dearóiliú i lár bailte agus sráidbhailte<br>• Athrú aeráide agus teagmhais ghéara aimsire<br>• Costais bhoilscitheacha ábhar, bia, fuinnimh, etc.<br>• Forbairt éagothrom trasna an limistéir<br>• Spleáchas mór ar obair dheonach, agus fadhbanna comharbais ag bagairt ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach<br>• Easpa infheistíochta chun tacú le hoibrithe deonacha i dtéarmaí fothú acmhainneachta, easpa infheistíochtaí chun seirbhísí deonacha a fhoirniú (m.sh. CSP) agus easpa dreasachtaí chun fiontair agus seirbhísí sóisialta agus pobail a fhorbairt.<br>• Gannionadaíocht ar dhaoine óga i gcomhlachtaí na sochaí sibhialta agus i struchtúir chinnteoireachta.<br>• Géarchéim thithíochta agus inacmhainneacht i mbailte agus sráidbhailte, rud a d'fhéadfadh a bheith ina fhadhb d'eisimirce i measc daoine óga.<br>• Easpa infheistíochta i saoráidí chun imeascadh pobal nua a áirithiú<br>• Imní ag fás i ndáil le coireacht agus iompraíocht fhrithshóisialta. |

# Bithéagsúlacht

| Láidreachtaí | Laigí |
|---|---|
| • Eagraíochtaí agus tionscnaimh láidre bhithéagsúlachta atá gníomhach i bpobail cheana féin ar fud an cheantair.<br>• Dúil atá ann faoi láthair chun tacú le cosaint na bithéagsúlachta laistigh de phobail.<br>• Gaol láidir leis an tírdhreach áitiúil<br>• Tírdhreach láidir tuaithe bithéagsúil na sléibhte, tailte portaigh, aibhneacha, lochanna agus tailte feirme<br>• Tírdhreach a thacaíonn le réimse éan, flóra agus fána atá faoi chosaint<br>• Cuan Chill Ala/Inbhear na Muaidhe ainmnithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta atá ainmnithe ar Abhainn na Muaidhe, rud a léiríonn an tábhacht idirnáisiúnta do chaomhnú an dúlra<br>• Ionadaithe poiblí áitiúla atá gníomhach rannpháirteach<br>• m.sh. oifigigh bhithéagsúlachta, LAWPRO<br>• Cineál tuaithe an cheantair – tá gach pobal suite gar/amuigh faoin tuath.<br>• Méadú ar infheistíocht ag ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile.<br>• Comhthéacs láidir beartais ar leibhéal domhanda, an Aontais Eorpaigh, agus náisiúnta ar mhaithe le bithéagsúlacht a chosaint. | • Líon teoranta pleananna áitiúla gníomhaíochta á gcur chun feidhme sa cheantar<br>• Rochtain theoranta ar shaineolas maidir le fadhbanna, tionchair agus freagairtí.<br>• Easpa eolais agus feasachta faoin dea-chleachtas.<br>• Cailliúint gnáthóg nádúrtha agus bithéagsúlachta.<br>• Fadhbanna méadaitheacha i ndáil le flóra/fán ionrach.<br>• Sceitheadh uisce agus tionchar ar dhobharlaigh<br>• Coillearnach dhúchasach teoranta sa cheantar<br>• Easpa feasacht agus spreagtha le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna comhshaoil.<br>• Tionchar diúltach ó theicnící 'dianfheirmeoireachta' (cailliúint fálta sceach agus gnáthóg).<br>• Easpa infhaighteachta talún d'úsáid bithéagsúlachta. |

| Deiseanna | Bagairtí |
|---|---|
| • Réimse leathan deiseanna caomhantais agus buanchoimeádta.<br>• Deis le haghaidh comhoibriú idirphobail agus trasphobail chun cuir chuige bunaithe ar 'thírdhreach' a fhorbairt le dul i bhfeidhm níos mó ar chúrsaí<br>• Cúnamh teicniúil chun tacú le taighde agus pleananna gníomhaíochta ar son na bithéagsúlachta a fhorbairt, léarscáiliú gnáthóg, pleananna gníomhaíochta gnáthóg, bailiúcháin sonraí, faireachán, etc.<br>• Tacú le tionscnaimh nua agus atá ann cheana do chosaint na bithéagsúlachta atá gníomhach sa cheantar, go háirithe cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta<br>• Meabhairshláinte agus folláine sa dúlra<br>• Oideachas, foghlaim agus fothú feasachta<br>• Naisc le scoileanna agus daoine óga<br>• Gairdíní pobail, úlloird agus coillearnacha a fhorbairt<br>• Rianta siúlóide oidhreachta nádúrtha<br>• Bailte Slachtmhara – tionscnaimh gnáthóg / bhithéagsúlachta<br>• Pleananna bainistíochta dobharcheantar abhann a fhorbairt agus a chur chun feidhme.<br>• Tionscnaimh chun gníomhaíocht éan agus ialtóg a chur chun cinn & gnáthóga éan/ialtóg a fheabhsú<br>• Deiseanna chun daoine a nascadh leis an dúlra trí thionscnaimh Eolaíochta do Shaoránaigh.<br>• Dea-chleachtas a shainaithint agus deiseanna foghlama comhroinnte a chruthú<br>• An bhithéagsúlachta a fheabhsú trí chaomhnú pailneoirí<br>• Bearta caomhnaithe uisce<br>• Oibriú le feirmeoirí / eagraíochtaí feirmeoireachta /<br>• iascairí / eagraíochtaí iascaireachta<br>• Bithéagsúlacht don turasóireacht | • Meath na bithéagsúlachta<br>• Cailliúint gnáthóg<br>• Easpa measa agus tuisceana i gcoitinne ar thábhacht na bithéagsúlachta<br>• An comhshaol nádúrtha a chosaint, agus an fás ar éileamh don fhorbairt agus eispéiris lasmuigh á chomhlíonadh.<br>• Athrú Aeráide<br>• Tailte portaigh i mbaol draenála, ró-innilte, bainte móna agus leathadh na speiceas ionrach plandaí<br>• Cailliúint seirbhísí éiceachórais (mar shampla, rialú tuilte, pailniú, rialú nádúrtha lotnaidí).<br>• Easpa eolais ar dhea-chleachtas a d'fhéadfadh a bheith ina chúis 'díobhála seachas maitheasa'.<br>• Tuilte.<br>• Dianchleachtais talmhaíochta.<br>• Speicis Ionracha<br>• Truailliú soilse<br>• Caitheamh bruscair & Dumpáil mhídhleathach<br>• Contúirt an díothaithe pailneoirí nádúrtha.<br>• Droch-chumarsáid agus cumarsáid neamhsheasmhach ar fhadhbanna agus deiseanna bithéagsúlachta. |

# Inbhuanaitheacht

## Láidreachtaí

- Comhshaol glan glas áitiúil
- Dúil atá ag dul i méid chun tacú le gníomhartha inbhuanaithe laistigh de phobail.
- Pobail atá athléimneach agus aontaithe
- Láithreacht láidir atá ann faoi láthair de thionscadail fuinnimh in-athnuaite sa réigiún
- Feasacht mhaith áitiúil ar chumas don fhuinneamh in-athnuaite
- Líon beag grúpaí inbhuanaitheachta áitiúla/ gníomhaithe ar son na haeráide atá bunaithe sa cheantar cheana féin.
- Roinnt pleananna iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh atá ar siúl i roinnt ceantar cheana féin.
- Líonra láidir Láithreán Conláistí Cathartha (ionaid 'fág anseo').
- Fócas agus tacaíocht mhéadaithe ar bheartas.
- Méadú ar infheistíocht ag ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile.
- Tá roinnt mhór pobal tar éis dul i bpáirt le SEAI agus tá spéis léirithe acu i bPobail Fuinnimh Inbhuanaithe a bhunú.

## Laigí

- Easpa tuisceana ar leibhéal pobail ar fhadhbanna, tionchair agus freagairtí inbhuanaitheachta.
- Líon teoranta Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe atá bunaithe.
- Easpa iompair phoiblí dóibh siúd a chónaíonn i gceantair thuaithe.
- Easpa freagairtí bunaithe sa phobal d'fhadhbanna agus dúshláin fuinnimh.
- Dearóiliú sna bailte faoin tuath.
- Tuilleamaíocht ard ar fheithiclí pearsanta don iompar
- An iomarca dramhaíola ag dul isteach sna láithreáin líonta talún.
- Cleachtais neamhsheasmhacha ag páirtithe leasmhara i bpleanáil, forbairt, cothabháil agus cur chun cinn tionscnamh le haghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht.

## Deiseanna

- Réitigh nuálacha a iniúchadh trí threoirthionscadail.
- Idirphlé sóisialta, oideachas agus forbairt scileanna chun tacú leis an Aistriú Cóir
- Rochtain ar shaineolas teicniúil chun tionscadail a fhorbairt agus dea-chleachtas a áirithiú
- Tionscnaimh don Óige maidir le Gníomhú ar son na hAeráide
- Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe nua a chur ar bun i gcomhar le SEAI.
- Tionscnaimh an Gheilleagair Chiorclaigh
- Deis chun Líonraí Áitiúla agus comhoibrithe a chruthú.
- Deiseanna fuinnimh in-athnuaite agus micrighiniúna.
- Bonneagar Taistil Ghníomhaigh a Fhorbairt - líonra rothaíochta agus siúlóide.
- Iompar atá Cliste, Comhroinnte agus Comhtháite
- Roghanna malartacha a fhorbairt le haghaidh acmhainní nádúrtha atá tearc ar leibhéal áitiúil.
- Fiontair Shóisialta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shainéilimh áitiúla.
- Deiseanna do thionscnaimh inbhuanaithe bia, Gairdíní Pobail agus tionscnaimh 'Glasraí a fhás duit féin'.
- Iarfheistithe forbartha pobail agus uasghráduithe fuinnimh
- Dramhaíl a laghdú trí fheachtais amhail plaistigh aonúsáide a dhíothú nó cupáin indiúscartha a dhíothú ó shráidbhaile/bhaile/champas.
- Micrighiniúint le dramhaíl, adhmad, uisce agus cuir chuige ghréine agus phobalbhunaithe.
- Aghaidh a thabhairt ar an díth breosla trí bhearta feabhsaithe insliúcháin.
- Bailte Slachtmhara – catagóir na hInbhuanaitheachta
- D'fhonn cuir chuige agus cinntí Pleanála, Iompair agus Forbartha a fheabhsú chun talamhúsáidí comhtháite agus bonneagar a áirithiú chun tacú le bailte agus sráidbhailte inbhuanaithe.

## Bagairtí

- Teachtaireachtaí measctha is cúis le mearbhall agus mífhaisnéis i measc tomhaltóirí
- Droch-chumarsáid agus cumarsáid neamhsheasmhach ar fhadhbanna agus gníomhartha inbhuanaitheachta
- D'fhéadfadh an t-aistriú chuig neodracht carbóin dul i bhfeidhm go héagothrom ar shaoránaigh
- Tionchar diúltach an athraithe aeráide de bharr astaíochtaí carbóin a bheith ag méadú.
- Téamh domhanda.
- Leibhéil mhéadaitheacha sceite agus fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann ar cháilíocht an uisce.
- Costais mhéadaitheacha an fhuinnimh.
- Saoráidí pobail neamhéifeachtúla nach féidir leo costais mhéadaitheacha fuinnimh a chomhlíonadh.
- Soláthairtí fuinnimh éagobhsaí a théann i bhfeidhm ar sholáthar seirbhíse.
- Tuilte.
- Infhaighteacht bia, tionchair an táirgthe.
- Costais bhoilscitheacha ábhar, bia, fuinnimh, etc.
- Méaduithe ar dhéine na stoirmeacha gaoithe
- Damáiste d'iompar, déanmhais, damáiste don timpeallacht thógtha

# Aguisín 4 - Cistí agus Cláir Ábhartha Eile

Faightear thíos liosta tacaíochtaí maoiniúcháin a d'fhéadfadh na hiarratasóirí a mheas. Tabhair faoi deara gur liosta táscach é seo ar na cineálacha clár maoiniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do thionscadail phobail agus ní liosta uileghabhálach é.

Clár LEADER 2023 – 2027: www.gov.ie/en/department-of-rural-and-community-development/campaigns/leader Scéimeanna Deontais Údaráis Áitiúil Mhaigh Eo: www.mayo.ie/en-ie/your-council/services/community-and-integrated-development/funding-grants

Scéimeanna Deontais Údarás Áitiúil Ros Comáin: www.roscommoncoco.ie/en/services/ community/community-grant-schemes

An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/poist-pholasai/an-sc%C3%A9im-athnuachana-bailte-agus-sr%C3%A1idbhaile/

Clár Caipitil Spórt: www.sportscapitalprogramme.ie/

An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/poist-pholasai/an-ciste-um-athghini%C3%BAint-agus-forbairt-tuaithe/

Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann: www.seai.ie/grants/community-grants/

Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/seirbhisi/sc%C3%A9im-um-bonneagar-caithimh-aimsire-lasmuigh/

An Ciste Forbartha Uisce Pobail (LAWPRO): www.lawaters.ie/funding/

Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide faoin gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAF): https://www.gov.ie/ga/an-roinn-aer%C3%A1ide-fuinnimh-agus-comhshaoil/foilseachain/an-ciste-um-ghn%C3%ADomh%C3%BA-ar-son-na-haer%C3%A1ide/

Ciste Infheistíochtaí na Lárionad Pobail: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/seirbhisi/ciste-infheist%C3%ADochta-na-l%C3%A1rionad-pobail/

Ciste Aitheantais Pobail: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/seirbhisi/ciste-aitheantais-pobail/

EirGrid
The Oval, 160 Shelbourne Rd,
Dublin 4, D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie

CARBON BALANCED PAPER
WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856